

Annual Report 2021



NATIONAL
GALLERY_{of}
IRELAND





TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2021

Réamhrá

<u>An Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí</u>	<u>5-6</u>
<u>Struchtúr Corparáideach Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann</u>	<u>7-9</u>
<u>Ráiteas ón gCathaoirleach</u>	<u>10-12</u>
<u>Fáilte an Stiúrthóra</u>	<u>13-17</u>
<u>Misean / Fís / Ról / Bunluachanna</u>	<u>18</u>
<u>Máistirphlean Forbartha</u>	<u>19</u>
<u>Cuspóirí i 2022</u>	<u>20</u>

Bailiúcháin agus Taighde

<u>Buaicphointí na Saothar Faighte</u>	<u>22-27</u>
<u>Taispeántais 2021</u>	<u>28-35</u>
<u>Foilseacháin an Ghailearaí</u>	<u>36</u>
<u>Caomhnú: Cúram a dhéanamh don Bhailiúchán</u>	<u>37-39</u>
<u>An Leabharlann agus na Cartlanna</u>	<u>40-42</u>

Rannpháirtíocht Phoiblí

<u>Cumarsáid leis an bPobal le linn na Paindéime</u>	<u>44-45</u>
<u>Buaicphointí na Rannpháirtíochta Poiblí</u>	<u>46</u>
<u>Buaicphointí Oideachais</u>	<u>47-49</u>
<u>Lucht Spéise, Pobal agus Caidrimh nua</u>	<u>50-53</u>

Forbairt, Tiomsú Airgid agus Cairde

<u>Forbairt, Tiomsú Airgid agus Cairde</u>	<u>55-57</u>
--	------------------------------

Seirbhísí Corparáideacha

<u>Acmhainní Daonna</u>	<u>59-60</u>
<u>Oifig um Chomhlíonadh agus Dlí</u>	<u>60-61</u>

<u>TF</u>	<u>61</u>
<u>Oibríochtaí</u>	<u>61-62</u>
<u>Tráchtáil</u>	<u>62-63</u>
<u>Airgeadas</u>	<u>63</u>
<u>Dualgas na hEarnála Poiblí i leith Chomhionannas</u> <u>agus Chearta an Duine – Plean Gníomhaíochta 2022-2023</u>	<u>64-65</u>
Ráitis Airgeadais don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021	
<u>Ráiteas ar Rialachas</u>	<u>67-81</u>
<u>Ráiteas ar Rialú Inmheánach</u>	<u>82-89</u>
<u>Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an</u> <u>Oireachtais</u>	<u>90</u>
<u>Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais</u>	<u>91-92</u>
<u>Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach</u>	<u>93</u>
<u>Ráiteas ar an Staid Airgeadais</u>	<u>94</u>
<u>Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí agus sa Chuntas Caipitil</u>	<u>95-96</u>
<u>Ráiteas ar Shreabhadh Airgid</u>	<u>97</u>
<u>Nótaí leis na Ráitis Airgeadais</u>	<u>98-136</u>
Aguisíní	
<u>Aguisín 1 – Saothar Faighte i 2021</u>	<u>138-186</u>
<u>Aguisín 2 – Iasachtaí ó Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann</u> <u>do Thaispeántais Shealadacha</u>	<u>187-191</u>
<u>Aguisín 3 Foireann Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann –</u> <u>Na Meáin, Léachtaí agus Foilseacháin 2021</u>	<u>192-199</u>
<u>Aguisín 4 - Liosta Foirne 2021</u>	<u>200-213</u>

RÉAMHRÁ

An Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí

Tá suas le seacht gcomhalta dhéag ar an mBord. Is í an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán a cheapann deichniúr díobh, is comhaltaí de bhrí oifige na n-eagraíochtaí atá liostaithe thíos iad cúigear eile agus ainmníonn agus ceapann an tAcadamh Ibeirneach Ríoga beirt de bhun an údaráis a bhronn Acht 1854 orthu. Caitheann na comhaltaí a cheapann an tAire tréimhse cúig bliana ar an mBord. Caitheann na comhaltaí de bhrí oifige tréimhsí éagsúla ar an mBord, ag brath ar bhunreacht na n-eagraíochtaí a mbaineann siad leo. Tá tuilleadh faoi na téarmaí agus dátaí ceapacháin anseo.

[Read more information on terms and appointment dates here.](#)

Comhaltaí Ex-Officio:

An tAcadamh Ibeirneach Ríoga (RHA) | Uachtarán

Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) | Uachtarán agus Leas-Uachtarán

Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) | Uachtarán

Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) | Cathaoirleach

- Maurice Buckley
- Mary Canning
- Lynda Carroll (d'éirigh sí as mar chomhalta Boird i mí na Samhna 2021)
- Diana Copperwhite RHA
- John Dardis
- Dan Flinter
- Patricia Golden (Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann – ag freastal)
- Jacqueline Hall
- Gary Jermyn

- Mary Keane (Cathaoirleach)
- Professor J Owen Lewis
- Abigail O'Brien PRHA
- John O'Doherty
- Ann Prendergast (d'éirigh sí as mar chomhalta Boird i mí na Samhna 2021)
- Sean Rainbird (Stiúrthóir, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann – ag freastal)
- Una Sealy RHA (d'éirigh sí as mar chomhalta Boird i mí na Nollag 2021)
- Lesley Tully (d'éirigh sí as mar chomhalta Boird i mí na Samhna 2021)
- Barney Whelan (Leas-Chathaoirleach)
- Jane Brennan (Rúnaí an Bhoird – ag freastal go dtí 18 Deireadh Fómhair 2021)
- Niamh O'Connor (Rúnaí an Bhoird – ag freastal ón 18 Deireadh Fómhair 2021)

Ceapann an Bord a Chathaoirleach agus a Leaschathaoirleach féin de bhun na cumhachta a bronnadh air faoi na hAchtanna.

Tá breis eolais faoi Bhord na nGobharnóirí agus na gCaomhnóirí ar fáil anseo:

<https://www.nationalgallery.ie/what-we-do/governance/board-governors-and-guardians>

Struchtúr Corparáideach Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann

I bPlean Straitéiseach an Ghailearaí 2019-2023, leagtar amach na príomhthosaíochtaí straitéiseacha atá ag an nGailearaí, is iad sin sin, cur le taithí saoil na ndaoine chomh maith le cúram a dhéanamh do na bailiúcháin atá faoinár gcúram. Le blianta beaga anuas, chuir an Gailearaí an-bhéim ar dhea-chleachtas rialachais trína chinntiú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le comhionannas agus urraim i measc na foirne oibre. Tá cultúr eagraíochtúil dearfach agus measúil i bhfeidhm chun tacú leis an gcuspóir seo. Tá mórghnéithe straitéiseacha an Ghailearaí léirithe i struchtúr na heagraíochta. Is iad na mórghnéithe atá i gceist ná, Bailiúcháin agus Taighde, Rannpháirtíocht Phoiblí agus Seirbhísí Corparáideacha. Tá siad seo faoi cheannas Stiúrthóir an Ghailearaí, le tacaíocht ón rannán um Thiomsú Airgid agus Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Foireann na Ceannaireachta Feidhmiúcháin

Stiúrthóir	Sean Rainbird
Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha	Patricia Golden
Ceannasaí na mBailiúchán agus Taighde	Kim Smit
Ceannasaí na Rannpháirtíochta Poiblí	Catherine Griffin (éirithe as ó mhí Aibreáin 2021)

Grúpaí Oibre na Foirne

Rannpháirtíocht Fostaithe	Taighde
Bainistíocht Riosca	Cúram don Bhailiúchán
Sláinte & Sábháilteacht	Cumarsáid
Grúpa MPF - Céim 4a & Uimh. 7 (stoptha)	Tráchtáil
Inrochtaineacht & Dearadh Uilíoch	Córais TF
Bailiúcháin Dhigiteacha	BCP
Comhionannas & Cearta an Duine – Dualgas na hEarnála Poiblí	
Áiseanna	

Struchtúr na hEagraíochta (Mí na Nollag 2021)




Chart (Page 8)

Board of Governors & Guardians of the NGI [Bord Gobharnóirí & Caomhnóirí GNÉ](#)

NGI Director [Stiúrthóir GNÉ](#)

Director's Office [Oifig an Stiúrthóra](#)

Fundraising & Development [Tiomsú Airgid & Forbairt](#)

Head of Collections & Research Division [Ceannasaí an Rannáin Bailiúchán & Taighde](#)

Conservation Dept. [Rannóg Caomhnaithe](#)

Exhibition & Collection Services Dept. [Rannóg Taispeántas & Bailiúchán](#)

Library & Archive Dept. [Rannóg Leabharlainne & Cartlann](#)

Head of Public Engagement Division [Ceannasaí um Rannpháirtíocht Phoiblí](#)

Communications Marketing & Digital Dept. [Rannóg Cumarsáide Margaíochta & Digiteach](#)

Education Dept. [Rannóg Oideachais](#)

Visitor Experience Dept. [Rannóg um Eispéireas Cuairteoirí](#)

Director of Corporate Services Division [Rannán na Seirbhísí Corparáideacha](#)

Board Secretary, Legal & Compliance Manager [Rúnaí an Bhoird, Bainisteoir um Chomhlíonadh & Dlí](#)

Commercial Dept. [Rannóg Tráchtála](#)

Procurement and Contracts Dept. [Rannóg Conarthaí & Soláthair](#)

Finance Dept. [Rannóg Airgeadais](#)

HR Dept. [Rannóg AD](#)

IT Dept. [Rannóg TF](#)

Operations Dept. [Rannóg Oibríochtaí](#)

Ráiteas ón gCathaoirleach

B'éigean don Ghailearaí dúnadh díreach roimh Nollaig 2020 de bharr shrianta Covid-19, rud a chuir deireadh le taispeántas iontach Mondrian, a bhí le bheith ar siúl go dtí an 14 Feabhra 2021. Lean dianghlasáil ar feadh tréimhse fhada ina dhiaidh sin, agus d'oscail an Gailearaí do chuairteoirí arís ar an 10 Bealtaine 2021, agus bhí an tAire Catherine Martin TD ina measc siúd a bhí i láthair. Rinne an dianghlasáil aimhleas do go leor daoine agus, nuair a chinn an Rialtas forais chultúir a chur san áireamh i measc na n-áiteanna a d'fhanfadh ar oscailt le linn tréimhsí dianghlasála ina dhiaidh sin, ba léir go raibh an Gailearaí mar áit ina bhfuair daoine faoiseamh, tearmann, taithí nua agus bhí áthas ar dhaoine go raibh siad ábalta teacht ar cuairt chuig an nGailearaí arís.

Ní raibh an pobal ábalta cuairt a thabhairt ar an nGailearaí féin ach mar sin féin, bhí an Gailearaí faoi lán seoil i rith 2021, de bharr gur oiriúnaíodh na cláir agus forbraíodh láithreach dhigiteach an Ghailearaí le cur ar a chumas an tionscnamh spreagúil *An Gailearaí Náisiúnta sa Bhaile* a chur ar fáil.

Bhí cúrsaí ar léirthuisint ealaíne, podchraoltaí de chomhráite le healaíontóirí beo, plé ar ealaín agus folláine, cúnamh leanúnach do scoileanna agus múinteoirí, cainteanna faoi na bailiúcháin, faoi chúrsaí caomhnaithe agus taispeántais ar siúl ar líne ar bhealach a raibh rochtain ag pobal níos leithne orthu ná mar a bhí riamh roimhe sin. Léirigh na cláir speisialta shaincheaptha a rinneadh do Chairde an Ghailearaí an ceangal domhain atá acu leis an nGailearaí.

Chuir na spriocanna straitéiseacha athshonraithe a d'aontaigh an Bord i mí an Mhárta, creat agus fócas ar fáil don todhchaí, in ainneoin na ndúshlán mór a bhain leis an bpaindéim. Chinntigh tiomantas nua maidir le trí sprioc straitéiseach mar a leanas go mbeadh an cúrsa romhainn soiléir agus go mbainfeadh an Gailearaí a chuspóirí amach tar éis na paindéime:

- Rannpháirtíocht le lucht spéise a mhéadú agus a neartú
- Acmhainneacht agus saoirse níos fearr a bhaint amach ó thaobh airgeadais
- Oidhreacht bheo an Ghailearaí agus an Bhailiúcháin Náisiúnta a chothú agus a fheabhsú

De bharr méadú agus neartú na rannpháirtíochta, tháinig feabhas ar chumas an Ghailearaí i dtaca le freastal ar pháirtithe leasmhara éagsúla, pobal na healaíne agus an pobal i gcoitinne. Tháinig lucht spéise nua – Éireannaigh agus

aoisghrúpa ní b'óige – ar cuairt chuig an nGailearaí i rith an tsamhraidh agus an fhómhair.

Spreag an fócas ar mhaoiniú inbhuanaithe an Gailearaí chun breathnú chun cinn níos faide ná go díreach ar na deacrachtaí atá ann faoi láthair – cothaíodh agus forbraíodh naisc le comhpháirtithe corparáideacha, leis an Rialtas agus le bronntóirí. Lean an Gailearaí ag brú ar aghaidh leis na pleananna chun na saoraidí a athrú ó bhonn, ag cur leis na spriocanna rathúla a baineadh amach le linn chéimeanna tosaigh an Mháistirphlean Forbartha (MDP).

Sna Deich mBliana seo de Chuimhneacháin Chéad Bliain, leiríodh go soiléir an cuspóir i dtaca leis an mBailiúchán Náisiúnta a fhorbairt, nuair a d'éirigh chomh maith leis an bhfeachtas chun péintéireacht cheannródaíoch Yeats, *Bachelor's Walk, In Memory*, a fháil le cúnamh iontach ón Stát, agus ó dheontóirí príobháideacha. Ba é *Jack Butler Yeats: Painting and Memory* buaicphointe thaispeántas an fhómhair.

Le linn thaispeántas an earraigh *New Perspectives. Saothar Faighte 2011-2020* cuireadh roinnt saothar a fuarthas i rith na ndeich mbliana seo caite ar taispeáint, ina measc, *Adoration of the Shepherds* le Carreno de Miranda (lár na 1660idí), *A Blind Girl at a Holy Well: Radharc in Iarthar na hÉireann* (1840) le Frederic William Burton agus *Edna O'Brien Diptych (2020)* le Mandy O'Neill (2020).

Cé gur chuir an phaindéim isteach ar a chuid oibre le 20 mí anuas, tá an Gailearaí níos láidre agus níos fuinniúla anois, ag mealladh lucht spéise nua

Mary Keane

agus ag tairiscint réimse leathan clár nuálach. Bhí an-áthas ar an mBord agus bhí siad an-tógtha leis an mbealach dearfach agus cruthaitheach a ndeachaigh foireann an Ghailearaí agus na cuairteoirí i ngleic leis na dúshláin a bhain le 2021.

Mary Keane,

Cathaoirleach, An Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Fáilte an Stiúrthóra

Bhí críoch iontach leis an mbliain 2021 le taispeántas Yeats inár ngailearaithe agus taispeántas Turner ar tí oscailt, den chéad uair le dhá bhliain. Os a choinne sin, bhí tuirse áirithe le brath ag tús na bliana. Bhí doirse an Ghailearaí dúnta arís agus bhí tús curtha le tréimhse dhianghlasála a mhairfeadh ar feadh 22 seachtain. Ba mhór an t-údar misnigh é, áfach, dhá bhronntanas fhlaithiúla a fháil díreach ag deireadh Eanáir 2021. Mórphéinteáil le Bridget Riley dar teideal *Intervals I*, a bhí sa chéad cheann agus bronntanas a bhí sa dara ceann a tugadh dár gCairde Meiriceánacha, saothar de shraith iomlán priontaí grianghrafadóireachta de chuid Gilles Peress, a bhain le hÉirinn le linn tréimhse fiche nó tríocha bliain in aimsir na dTrioblóidí. Fuarthas trí cinn eile dá chuid bliain roimhe sin agus mar sin bhí 1,000 grianghraf ar fad i gceist, an bailiúchán poiblí is mó dá shaothar atá ar fáil in aon áit. Bhí grianghraf amháin ar taispeáint sa taispeántas *Picturing People* an samhradh seo, an chéad

taispeántas grianghrafadóireachta ar scála mór de chuid an Ghailearaí bunaithe go hiomlán ar shaothair a bhí sa Bhailiúchán.

Bhreathnaigh pictiúr Riley go hiontach sa seomra deiridh den taispeántas sa Ghailearaí, a bhí tiomnaithe do shaothair a fuarthas idir 2011 agus 2020, agus bhí an pictiúr mar thulmhaisiú ar chatalóg shlachtmhar a ghabh leis an seó, chomh maith. Léirigh 120 saothar a bhí ar taispeáint, as níos mó ná 2,000 a fuarthas le linn na ndeich mbliana, athruithe suntasacha den chéad uair ar chur chuige an Ghailearaí i leith saothar a fhaightear. Cuireadh grianghrafadóireacht san áireamh, le híomhánna den scoth de chuid Don McCullin agus Inge Morath, chomh maith le grianghraif ó mhórealaíontóirí idirnáisiúnta a thug cuairt ar Éirinn, ar nós, Dorothea Lange, Eva Hofer agus Markéta Luskačová. Tá saothair le grianghrafadóirí i measc saothar de chuid ealaíontóirí beo a bhfuil a gcuid oibre ar fáil níos forleithne anois. Chuir sé seo ar chumas an Ghailearaí roinnt den éagothroime sa Bhailiúchán a chur ina cheart, go háirithe an claonadh láidir i dtreo saothar le healaíontóirí fear. Mar sin féin, beidh a leithéid d'éagothroime stairiúil i gceist i gcónaí i mBailiúchán a théann siar go dtí an tríú haois déag, tráth arbh fhir ar fad, nach mór a bhí ag cleachtadh mar ealaíontóirí.

I mí Dheireadh Fómhair, chuireamar *The Visit of the Queen of Sheba to King Solomon* le Lavinia Fontana ar taispeáint. Rinneadh mórchaomhnú ar an saothar seo le tacaíocht ó Thionscadal Caomhnaithe Ealaíne Bhanc Mheiriceá. Bhí stiúideo tráchtála rathúil ag Fontana i Bologna agus is dócha gurbh í an chéad bhean i réimse ealaíne an Iarthair a bhain an stádas seo amach. I lár na bliana cuireadh *Virgin and Child*, a phéinteáil Elisabetta Sirani, as Bologna freisin, 60 bliain níos déanaí leis an mBailiúchán. I mí na Nollag 2021, fuair an

Gailearaí *On the Quai*, mórfhéinteáil de chuid phéintéireacht dhéanach le Shirley Jaffe.

Léirigh na buaicphointí seo fonn an Ghailearaí, in ainneoin cúinsí seachtracha, leanúint ar aghaidh ag soláthar clár dinimiciúil a spreagann smaointeoireacht. I 2020, cuireadh deireadh tobann lenár gceiliúradh ar shaothar leis an ealaíontóir Ceanadach, George Wallace, a rugadh i mBaile Átha Cliath, ach fuarthas an dara deis sásamh a bhaint as an saothar fairsing seo i 2021. Ionas nach mbeadh aon rud eile sa bhealach air, rinneamar ár dtaispeántas Yeats *Painting and Memory* a chur siar go dtí an fóimhar. Táimid faoi chomaoín ag Key Capital as a dtiomantas agus a n-urraíocht, agus freisin ag an Rialtas as tacaíocht bhreise a thairiscint ag deireadh na bliana. Tar éis don taispeántas athoscailt go luath i mí na Bealtaine, chuir cuairteoirí Éireannacha fáilte mhór roimh thaispeántas Yeats tráth nach raibh mórán turasóirí ón iasacht sa tír. Bhí *Bachelor's Walk, In Memory*, a fuarthas i rith an tsamhraidh le tacaíocht fhlaithiúil ón Aire Catherine Martin TD agus ó ghrúpa deontóirí, i measc na bpríomhshaothar sa taispeántas.

Chuireamar an ceann is déanaí inár dtaispeántais chartlainne *Anne Yeats: The Everyday Fantastic*, atá tiomnaithe do Lárionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann le tacaíocht fhlaithiúil BSL, ar taispeáint i Seomra 11.

I 2021, d'fháiltigh an Gailearaí roimh líon níos mó cuairteoirí Éireannacha ná roimhe seo. Luaigh ár bhfoireann fháilteachais agus an fhoireann slándála a gcuid comhráite cairdiúla le cuairteoirí agus ba léir go raibh luchtáir orthu a bheith ábalta seoda an Ghailearaí a fheiceáil arís agus bhí siad sásta glacadh leis na srianta fisiceacha a chuireamar i bhfeidhm. Faoi dheireadh na bliana, bhí thart ar 50% den líon cuairteoirí a bhíodh againn roimh an bpaindéim ó

Bhealtaine go Nollaig ar ais. Rinne an Siopa trádáil mhaith sa cheathrú deiridh agus chuir Caifé sealadach de chuid an Ghailearaí sólaistí ar fáil.

Tugadh deis dóibh siúd nach raibh ar a gcumas cuairt a thabhairt ar an nGailearaí, go pearsanta, sásamh a bhaint as cláir agus taispeántais ar líne de bharr rannpháirtíocht dhigiteach a bhí seanbhunaithe faoin tráth seo, agus rinneadh tuilleadh forbartha air seo i rith 2021. Bhí an Gailearaí sa bhabhta ceannais i dhá chatagóir de Ghradaim na Meán Digiteach - Gailearaí *Náisiúnta sa Bhaile* sa chatagóir Rialtais & Neamhbhrabúis, agus An Podchraoladh is Fearr, agus bhuaigh an Gailearaí an gradam Cré-umha sa chatagóir Rialtais & Neamhbhrabúis.

Bhain a lán scoileanna tairbhe as na cláir den scoth ar líne a d'ullmhaigh ár bhfoireann Oideachais. Thug SMBC Aviation Capital, ceann dár gComhpháirtithe Corparáideacha flaithiúla tacaíocht do na cláir seo ar líne a chuirtear ar fáil do scoileanna ar fud na tíre. I dtaca le tionscadal ar thug Fondúireacht Apollo tacaíocht dó, bhí cruinnithe ar líne ag grúpa coimeádaithe óga seachas cruinnithe pearsanta, chun athléirmhíniú bríomhar agus ildaite ar bhronntanas Bhaile an Mhuilinn a roghnú agus a eagrú faoin teideal ceisteach dúshlánach *Boring Art?*

Chláraigh líon mór foghlaimeoirí ar feadh an tsaoil le cúrsaí léirthuisceana ealaíne ar líne, go leor Cairde, san áireamh. Labhair ealaíontóirí lenár lucht éisteachta trí phodchraoltaí a rinne na foirne Leabharlainne & na gCartlann, Oideachais agus Cumarsáide, Margaíochta agus Rannpháirtíochta Digiteach agus le linn ceardlanna agus cainteanna ar líne. Cuireadh i gcrích mórthionscadal digitithe ar ár mbailiúcháin chartlainne ag deireadh na bliana, agus cuirfidh sin ar ár gcumas go leor scéalta, atá fite fuaite lena chéile a insint, ag baint úsáide as an stór mór ábhar atá i seilbh an Ghailearaí.

Léirigh iarrachtaí leanúnacha na foirne go léir agus an Bhoird i rith na bliana arís gur éirigh leis an nGailearaí a chuid cuspóirí a chur i gcrích in ainneoin na ndúshlán. Ar chomhairle sláinte ón Rialtas, mhéadaigh an líon foirne a tháinig ar ais chuig na hoifigí i rith an tsamhraidh, agus ansin chuaigh siad ar ais arís ag obair sa bhaile san fhómhar. Bogadh go héasca ó chláir, oscailtí agus ócáidí sa Ghailearaí go cláir, oscailtí agus ócáidí ar líne. Bhí seoladh Dhuais Phortráidíochta Zurich fíorspéisiúil, agus den chéad uair, taispeánadh gearrscannáin faoi na healaíontóirí a bhí ar an ngearrliosta.

Thairg ár gComhpháirtithe Corparáideacha agus lucht tacaíochta de gach cineál a dtacaíocht fhíorluachmhar, ar bhonn leanúnach. Táimid thar a bheith buíoch dár mbronntóirí agus dár bpáirtithe leasmhara go léir, ina measc, an tAire Catherine Martin TD, agus a cuid oifigeach. Áfach, ba chúis bhróin dúinn a chloisteáil gur bhásaigh Fred Krehbiel. Bhí Fred ina bhall de Bhord an Ghailearaí idir 2011 agus 2016, agus thug sé tacaíocht dhílis don Ghailearaí agus ba bhailitheoir thar a bheith géarchúiseach a bhí ann.

D'éirigh lenár gcláir leasaithe ár gcuspóirí a bhaint amach, le leibhéil arda sásaimh tuairiscithe i measc cuairteoirí agus rannpháirtithe i dtaca lenár dtaispeántais, gníomhaíochtaí agus imeachtaí. Is cúis bhróid i gcónaí é seo. Beidh muid níos bródúla fós nuair a chuirfimid gach rud atá foghlamtha againn san áireamh i ngach gné de shaol laethúil an Ghailearaí agus ar ár gcumas dul i ngleic leis an víreas, seachas a bheith faoina thionchar, an víreas a chuir athrú bunúsach – agus caolchúiseach – ar mheon gach éinne.



Sean Rainbird,

Stiúrthóir, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

Misean / Fís / Ról / Bunluachanna

Is é ár **misean** cúram a dhéanamh don ealaín, í a léirmhíniú, forbairt a dhéanamh uirthi agus í a thaispeáint ar bhealach a fhágann go bhfuil Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ina áit spreagúil chun taithí a fháil ar ealaín.

Fís: tá sé mar aidhm againn taithí den scoth a chur ar fáil le spéis san ealaín a spreagadh agus chun léirthuisctint a thabhairt do chuile dhuine ar an ealaín.

Ról: tá muid tiomanta maidir le daoine agus a n-ealaín a thabhairt le chéile.

Is iad seo a leanas ár mbunluachanna:

Ionracas – déanaimid rudaí ar na cúiseanna cearta agus tugann muid taithí shaibhir ar an ealaín do dhaoine.

Oscailteacht – tá caidrimh againn le raon leathan lucht spéise agus páirtithe leasmhara. Glacann muid go fonnmhar le héagsúlacht agus cothaíonn muid comhionannas. Bíonn ár ndoirse ar oscailt seacht lá na seachtaine agus tá saorchead isteach.

Cruthaitheacht – tá muid cruthaitheach, nuálach agus seiftiúil. Spreagaimid ár lucht spéise trí chur go mór lena gcuid eolais ar an ealaín agus leis an taitneamh a bhaineann siad aisti.

Saineolas – tá cuid mhaith speisialtóirí againn, a roinneann a gcuid scileanna, aaineolas agus a léargais go toilteanach lenár lucht spéise uile, ar líne agus sa Ghailearaí féin, ar bhealaí atá samhlaíoch agus spreagúil.

Máistirphlean Forbartha

I Seomra Shaw an Ghailearaí, i mí Aibreáin 2018, d'fhógair airí rialtais *Tionscadal Éireann 2040*, áit ar fógraíodh go gcuirfí feabhas ar an mbonneagar cultúrtha.

Tá an Gailearaí ag déanamh a mhíle dícheall cur leis an rath a bhí ar na chéad chéimeanna den MPF, a cuireadh i gcrích i mí an Mheithimh 2017 nuair a athosclaíodh sciatháin stairiúla athchóirithe Dargan agus Bhaile an Mhuilinn.

Déanfar an chéim dheiridh den MPF a bhainistiú de réir cheanglais an Chóid Chaiteachais Phoiblí.

I mí na Samhna 2020, chuir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán treoir nua ar fáil maidir leis an Rialachas agus na Socruithe Oibriúcháin idir an Roinn féin, OPW agus an Gailearaí, chun *Tionscadal Éireann 2040* a chur chun cinn.

Ag deireadh 2021, cuireadh *Athbhreithniú ar Mheasúnacht Straitéiseach* an Ghailearaí i gcrích.

Straitéis: Ár bhFócas Straitéiseach Leasaithe - go dtí 2023

Chuir na spriocanna straitéiseacha athshonraithe a d'aontaigh an Bord i mí an Mhárta, creat agus fócas ar fáil maidir leis an nGailearaí sa todhchaí, in ainneoin na ndúshlán mór a bhain leis an bpaindéim. Seo a leanas na spriocanna straitéiseacha nuashonraithe:

1. **Rannpháirtíocht níos leithne** - le lucht spéise a mhéadú agus a neartú

2. **Foinsí Maoinithe Inbhuanaithe** - Acmhainneacht agus saoirse níos fearr a bhaint amach ó thaobh airgeadais
3. **Oidhreacht an Ghailearaí a chur chun cinn & Cur leis an mBailiúchán**
– oidhreacht bheo an Ghailearaí agus an Bhailiúcháin Náisiúnta a chothú agus a fheabhsú

Aidhmeanna i 2022

I 2022, tá sé mar aidhm againn:

- Fáilte a chur roimh **450,000 – 500,000** cuairteoir chuig an nGailearaí.
- **186,000** leantóir a bheith againn ar ár bpríomhardáin meán sóisialta (Facebook, Instagram agus Twitter).
- Gnomhaíochtaí oideachasúla agus poiblí áirithe a chur ar fáil do **330,500** cuairteoir.
- **Dhá cheann déag** de thaispeántais shealadacha a léiriú. Beidh ticéid le fáil i gcomhair **trí** cinn díobh.
- **Bealaí nua agus samhlaíoch a chruthú chun freastal** ar ár lucht spéise agus rochtain ar an mbailiúchán a fheabhsú.

BAILIÚCHÁIN AGUS TAIGHDE

BUAICPHOINTÍ NA SAOTHAR FAIGHTE

Bridget Riley (Londain r.1931)

Intervals 1, 2019

Ola ar líneadach

198.5 x 145.5 cm

GNÉ.2021.8

Fuarthas *Intervals I* (GNÉ.2021.8) le Bridget Reilly le tacaíocht ó bhronntóir príobháideach.

Brian O'Doherty

(Bealach an Doirín, Co.Ros Comáin r.1928)

Portráid de Martha O'Doherty, Máthair an Ealaíontóra, 1953/54

Ola ar chanbhás

54.5 x 66 cm

Bronnta, an tEalaíontóir, 2021

GNÉ.2021.17

Jill Freedman (Pittsburgh, Pennslyvania 1939–2019 Manhattan, Nua-Eabhrac)

Goofy Kids, Baile Átha Cliath, 1984

40.6 x 50.8 cm

Prionta geilitín airgid

Ceannaithe, Eastát Hill Freedman, 2021

GNÉ.2021.22

Nuair a thógadh Freedman a ceamara Leica amach sa chathair, ba ghnách léi grianghraif a thógáil de leanaí agus daoine óga chun a soineantacht agus a neamhspleáchas a léiriú. In *Goofy Kids, Baile Átha Cliath, 1984*, tá grúpa buachaillí óga le feiceáil agus iad spráúil le Freedman, agus lena ceamara, agus

iad ag cur cuma ghreannmhar ar a n-aghaidheanna, ag cur amach a dteangacha, agus ag cur claibíní buidéil ar a súile. Léiríonn an taitneamh a bhaineann siad as an eachtra an cumas a bhí ag an ealaíontóir daoine a chur ar a suaimhneas. Léirítear an tréith seo in a lán de shaothair ghriangrafadóireachta Freedman. Samhlaítear Freedman go príomha le Nua-Eabhrac, ach thug sí cuairt ar Éirinn go minic.

Jack B. Yeats (Londain 1871 – 1957 Baile Átha Cliath)

Bachelor's Walk, In Memory, 1915

Ola ar chanbhás

45.7 x 61 cm

Ceannaithe, 2021, le tacaíocht fhlaithiúil agus speisialta ó Rialtas na hÉireann agus ó bhronntóirí éagsúla.

GNÉ.2021.41

William Orpen (Baile Átha Cliath 1878-1931 Londain)

Myself and Cupid, 1910

Ola ar chanbhás

102 x 86.5 cm

Ceannaithe, 2021

GNÉ.2021.49

Tá an chuma ar an bhféinphortráid seo, ina bhfuil ábhair ealaíontóirí go feiceálach sa tulra, go bhfuiltear ag léiriú ómóis don phéintéireacht, ach is taifead nádúraíoch é freisin ar thaithí saoil. Tá sé ar cheann de shraith shé fhéinphortráid ina bhfuil staideanna drámatúla, tarraingteacha a rinne Orpen idir 1909 agus 1912, agus tá siad ar fad i mbailiúcháin phoiblí anois.

Sean Keating (Luimneach 1889-1977 Baile Átha Cliath)

Thinking out Gobnait, 1917

Ola ar chanbhás

76.2 x 76.2cm

Bronnta, Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann (Pátrúin Chistí Ealaíne na hÉireann) 2021

GNÉ.2021.50

Elisabetta Sirani

(Bologna 1638- 1665 Bologna)

Virgin and Child, 1660

Ola ar chanbhás

125 x 105 cm

Ceannaithe, 2021

GNÉ.2021.67

Bhí Sirani ar dhuine de na péintéirí ba mhó le rá sa scoil Bolognese sa seachtú haois déag, agus dúradh gurbh í comharba nádúrtha Guido Reni. Is minic a dhéileáil Sirani le hábhar na péinteála seo atá sínithe agus dátaithe. Tá ganntanas den ábhar sa bhailiúchán. Tá an phéinteáil seo ar cheann de na saothair is tábhachtaí de chuid an ealaíontóra, a cuireadh san áireamh sa bhailiúchán le déanaí.

Daniel Maclise

(Corcaigh 1806-1870 Londain)

The Installation of Captain Rock, 1834

(mionleasaithe 1843)

Ola ar chanbhás

172 x 244 cm

Tabhartas Oidhreachta Heritage, i gcuimhne ar Mr Patrick Kelly, 2021

GNÉ.2021.68

Bhí an-cháil agus meas ar an ealaíontóir seo agus tá an léiriú neamhchoitianta seo ar cheannairc, ag tagairt do ghluaiseacht Rockite a bhí i réim i lár na Mumhan go luath sna 1820idí. Díreach, mar a dhéanann sé sa saothar *Pósadh Strongbow agus Aoife*, cuireann Maclise bás agus searmanas le hais a chéile ar scála mór drámatúil. Sa léiriú seo, tá tórramh cheannaire amháin le feiceáil ag an am céanna le corónú a chomharba.

Max Beckmann (Leipzig 1884–1950 Nua-Eabhrac)

Family Scene (Teaghlach Beckmann), 1918

Pláta 2 de shraith 19 eitseáil: Portfóilió Gesichter (Aghaidheanna). Cóip as eagrán de 40 ar pháipéar ‘Sheapánach’ a priontáladh sula ndearnadh cruachphlátáil ar an bpláta.

Turbhior ar Bhileog páipéir Simili Japon. c.47.5 x 33 cm/Íomhá c.30.5 x 26 cm
Ceannaithe, 2021

GNÉ.2021.112

Críochnaíodh *Family Scene* i 1918, bliain sular foilsíodh an portfóilió ‘Aghaidheanna’, *Family Scene*, Taispeántar teaghlach an ealaíontóra féin sa phictiúr. Tá a bhean chéile, Minna Tube Beckmann sa tulra ina suí síos ag léamh le hais a leanbh, Peter, atá ag súgradh ar chapall maide. Tá Frau Tube,

máthair Minna le feiceáil sa chúlra i bhfeighil an radhairc agus feictear Beckmann féin ag cromadh isteach ar a cúl. Tá *Family Scene* ag breathnú suaimhneach i gcomparáid leis na radhairc ghoilliúnacha atá le feiceáil sa chuid eile den tsraith seo. Chuir Beckmann an ghealach agus réalta amháin sa spéir mar shiombail den tsuaimhneas i measc an chlampaí in aimsir chogaidh.

Harry Callahan (Detroit, Michigan 1912-1999 Atlanta, Georgia)

Éire, 1979, 1979

Prionta ruaime aistrithe

24.1 x 37.1 cm

Ceannaithe, 2021

GNÉ.2021.115

Léiríonn *Éire, 1979* an bealach inar chuir Callahan, a rugadh i Detroit, cuma neamhghnách ar nithe leamha. Bhí an fócas ar chéimseata, dath, foirm agus éifeachtaí drámatúla na peirspictíochta, chomh maith le heaspa nó neamhaird ar ghníomhaíochtaí daonna. Léiriú tipiciúil é seo ar ghrianghrafadóireacht sráide Callahan ag an tráth seo.

Francis Bindon (Cluaine, Co. an Chláir 1690-1765 Baile Átha Cliath)

Portráid de Jonathan Swift, 1735

Ola ar chanbhás

222 x 153 cm

Ceannaithe, 2021, le tacaíocht fhlaithiúil agus speisialta ó Rialtas na hÉireann

GNÉ.2021.158

Tá an pictiúr seo, agus portráid lánfhada den chineál céanna i dTeach Déin Ardeaglais Naomh Pádraig (dar dáta 1738), ar na pictiúir is aitheanta de chuid Bindon, agus seo iad na portráidí ba luaithe agus ba shuntasáí a rinneadh de

Swift. Tá an phortráid seo, a choimisiúnaigh an Tiarna Howth, maisithe le hócónagrafaíocht bhlásach, agus déanann sé ceiliúradh ar bhua Swift i gconspóid pholaitiúil mhór le rá sa bhliain 1722.

**Litir ó Gerard Dillon chuig Madge Connolly le Sceitsí den Saol ar Oileáin
Árann, 1944**

GNÉ/IA/DIL/1/1

Fuair Lárionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann (CSIA) an litir spéisiúil lámhscríofa seo ón bpéintéir Éireannach Gerard Dillon (1916-1971) chuig Madge Connolly. Scríobhadh an litir scríofa ag dhá am ar leith, roimh agus tar éis thuras a thug sé ar Árann, agus is foinse luachmhar í chun tuiscint a fháil ar thaithí Dillon ar shaol an oileáin, a chaidreamh leis na Campbells, agus a chleachtadh péintéireachta i gcoitinne. Scríobh sé gur bhunaigh sé Grúpa Péintéireachta [Grúpa Péintéirí Bhaile Átha Cliath] i dteannta George Campbell, Daniel O'Neill agus John Turner, agus go raibh saothar nua á ullmhú aige i gcomhair taispeántas. Tá aon líníocht dhéag sa litir a chuireann leis an gcur síos a dhéanann Dillon ar shaol in Árann. Tugann na sceitsí agus na nótaí gearra seo tuiscint ar an gcultúr agus ar an timpeallacht a bhí ar an oileán, agus spreag siad seo a chuid pictiúr ní ba dhéanaí.

*** Tá liosta iomlán de na saothair faighte i 2021 le fáil in Aguisin 1**

TAISPEÁNTAIS 2021

D'athoscail an Gailearaí ar an 10 Bealtaine 2021, tar éis a bheith dúnta 129 lá de bharr shrianta na paindéime. Ag an tráth athoscailte, chuir Gailearaí Náisiúnta na hÉireann an taispeántas *New Perspectives: Acquisitions 2011-2020*, ar siúl. Seo taispeántas ina raibh saothair a fuair an Gailearaí le deich mbliana roimhe sin.

Na taispeántais a bhí ar siúl againn i 2021:

- *Living with art: Picasso go Celmins, A British Museum touring exhibition.* (10 Bealtaine – 7 Meitheamh 2021)
- *New Perspectives. Acquisitions 2011-2020.* (11 Bealtaine – 2 Lúnasa 2021)
- *Glamour and Governance.* (29 Bealtaine – 3 Deireadh Fómhair 2021)
- *George Wallace: Reflections on Life.* (19 Meitheamh - 29 Lúnasa 2021)
- *Jack B. Yeats: Painting and Memory.* (4 Meán Fómhair 2021 – 6 Feabhra 2022)
- *Picturing People.* (11 Meán Fómhair 2021 – 5 Nollaig 2021)
- *Anne Yeats: The Everyday Fantastic.* (2 Deireadh Fómhair 2021 – 9 Deireadh Fómhair 2022)
- *Boring Art?* (16 Deireadh Fómhair 2021 – 16 Eanáir 2022)
- *Unity in Diversity: Joseph Beuys in Ireland.* (30 Deireadh Fómhair 2021 – 9 Eanáir 2022)
- *Duais Phortráide Zurich & Duais Phortráide Zurich do dhaoine Óga 2021.* (13 Samhain 2021 – 3 Aibreán 2022)

Living with art: Picasso to Celmins, A British Museum touring exhibition.

(10 Bealtaine – 7 Meitheamh 2021), Gailearaí na bPriontaí | Saorchead isteach

Coimeádaí: Anne Hodge

Roghnaíodh na priontaí sa taispeántas seo ó bhailiúchán leathan Alexander Walker (1930–2003), léirmheastóir scannán don nuachtán *Evening Standard*, Londain. Rugadh é i bPort an Dúnáin, Co. Ard Mhacha, agus d'fhreastail sé ar Ollscoil na Banríona, Béal Feirste sular ceapadh ina iriseoir é i Sasana. Cé nach raibh mórán airgid aige, chaith sé an chuid is mó dá ioncam ag ceannach ealaíne. Bhí an ealaín ina thimpeall agus an t-árasán beag a bhí aige i Londain lán le priontaí agus líníochtaí. Nuair a fuair sé bás thiomnaigh sé a bhailiúchán de bhreis is 200 saothar d'Ard-Mhúsaem na Breataine. Bhí saothair de chuid na fichiú haoise ar fad san áireamh sa taispeántas '*Living with Art*'. Bhí 30 prionta agus líníocht le healaíontóirí tábhachtacha sa taispeántas, ina measc, Pablo Picasso, Henri Matisse, Lucian Freud, Bridget Riley, David Hockney agus Vija Celmins. Tá saothair nua-aoiseach agus teibí, priontáil rilífe agus féin-phortráidíocht de chuid na fichiú haoise ann. Léirigh an taispeántas spéis Walker i modhanna oibre na n-ealaíontóirí agus is eol dúinn gur bhreathnaigh sé ar an mbailiúchán mar fhianaise ar a chuid oideachais ealaíne féin. Cheannaigh sé saothair ar mhaithe le pléisiúr agus níorbh ar mhaithe le hairgead a dhéanamh. Thaitin sé leis saothair ealaíne spreagthacha nó a bhí ina n-ábhar machnaimh a bheith ina thimpeall.

New Perspectives. Acquisitions 2011-2020.

(11 Bealtaine – 2 Lúnasa 2021), Sciathán Beit (Seomraí 6-10) | Ticéid

Coimeádaithe: Sean Rainbird, Janet McLean agus Niamh MacNally

Ba iad Sean Rainbird, Janet McLean agus Niamh MacNally coimeádaithe an taispeántais seo, agus thug siad le chéile buaicphointí na saothar a fuair an Ghailearaí sa tréimhse deich mbliana ó 2011-2020. Mar a thugann an teideal le fios, is léiriú iad na saothair bhreise seo ar an mbealach inar leathnaíodh agus inar saibhríodh an bailiúchán sa tréimhse sin. Bhí leathnú scóip an Ghailearaí le sonrú, go háirithe de bharr an méid saothar le healaíontóirí beo, saothar le hÉireannaigh agus le healaíontóirí idirnáisiúnta ó lár go dtí deireadh an fichiú haois, chomh maith le saothair ó bhailiúchán grianghrafadóireachta an Ghailearaí, a cuireadh san áireamh sa taispeántas. Bhí leabhar slachtmhar ag gabháil leis an taispeántas.

Glamour and Governance.

(29 Bealtaine – 3 Deireadh Fómhair 2021), Seomra Sir Hugh Lane | Saorchead isteach

Coimeádaí: Adrian LeHarivel

Léirigh an taispeántas seo don chéad uair bailiúchán portráidí an Ghailearaí ó chúirt na Banríona Eilís I sa séú haois déag, Bhí cleachtas an fhéinbholscaireachta i réim agus go minic úsáideadh feisteas agus faisean, go héifeachtach le linn na tréimhse atá i gceist. Taispeánadh pearsana stairiúla, a raibh aithne orthu ar an stáitse, ar scáileáin agus sa litríocht, ar nós, Anne

Boleyn, Robert Devereux, Dara Iarla Sussex, Sir Walter Raleigh agus an Bhantiarna Elizabeth Raleigh, sa taispeántas.

George Wallace: Reflections on Life.

(19 Meitheamh – 29 Lúnasa 2021), Gailearaí na bPriontaí | Saorchead isteach

Coimeádaí: Anne Hodge

Tharraing taispeántas seo an Ghailearaí Priontála aird an phobail ar phriontaí an ealaíontóra as Ceanada George Wallace (1920-2009). Oideachasóir agus ealaíontóir mór le rá ab ea Wallace agus chruthaigh sé priontaí agus dealbha cumhachtacha ó na 1950idí agus bhí sé fós ag obair go dtí cúpla mí sula bhfuair sé bás in aois a 89 bliain. Smaointeoir domhain a bhí ann, a d'fhoilsigh scríbhinní léirsteanacha i dteannta a chuid ealaíne. Bhí rogha leathan samplaí sa taispeántas den 250 eitseáil, monachlónna, greantaí adhmaid agus líníochtaí a bhronn muintir Wallace ar Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann i 2016.

Jack B. Yeats: Painting and Memory.

(4 Meán Fómhair 2021 – 6 Feabhra 2022), Sciathán Beit (Seomraí 6-10) Ticéid

Coimeádaithe: Brendan Rooney agus Donal Maguire

Urraithe ag Key Capital

Rinne an taispeántas seo, a bhí urraithe ag Key Capital agus á choimeád ag Donal Maguire agus Brendan Rooney, comóradh ar 150 bliain ó rugadh an t-ealaíontóir is cáiliúla in Éirinn. Ba é seo an bailiúchán ba mhó de phictiúir ola le Yeats ón taispeántas céad bliain i 1971, a bhí ar siúl sa Ghailearaí freisin. Bhí ochtó ceathair pictiúr a péinteáladh thar thréimhse ochtó bliain sa taispeántas.

Rinneadh iniúchadh ar ról na cuimhne i saothar Yeats, agus ar an tábhacht a bhain le teagmhálacha agus eispéiris a bhí aige ina óige. Crochadh na pictiúir de réir téamaí, rud a thug deis do chuairoteoirí staidéar a dhéanamh, i ngach seomra, ar fhorbairt stíl péinteála agus teicníc an ealaíontóra agus ar an gclaonadh a bhí aige, i rith a shaol oibre, dul siar go minic, ar bhealaí éagsúla, chuig téamaí, ábhair agus móitífeanna ar leith. Bhí foilseachán faoi chlúdach cruais leis na coimeádaithe Brendan Rooney agus Donal Maguire ag gabháil leis an taispeántas, ina raibh téacsanna ó Cholm Tóibín, Dr Ruth M.J. Byrne agus Caitríona Yeats.

Picturing People.

(11 Meán Fómhair 2021 – 5 Nollaig 2021), Gailearaí na bPriontaí | Saorchead isteach

Coimeádaí: Sarah McAuliffe

Bhí grianghraif le healaíontóirí atá ag obair in Éirinn agus thar lear, ó bhailiúchán an Ghailearaí féin san áireamh sa taispeántas *Picturing People* faoi chúram an choimeádaí Sarah McAuliffe. Léiríodh sa taispeántas, ina raibh saothair a fuarthas le déanaí agus nach bhfacthas riamh roimhe, an raon leathan cleachtas grianghrafadóireachta atá sa Bhailiúchán anois. Rianaíodh an fhorbairt a rinneadh maidir leis léiriú grianghrafadóireachta a rinneadh ar dhaoine in Éirinn ón naoú haois déag go dtí an lá atá inniu ann. Ar mhaithe le comhthéacs idirnáisiúnta a thabhairt, áfach, cuireadh saothair a rinneadh in áiteanna eile san áireamh chomh maith. Díríodh ar an gcine daonna sa taispeántas, agus cuireadh raon leathan de charachtair, de theaghlaigh agus de phobail i láthair, chomh maith le mothúcháin agus stíleanna maireachtála éagsúla. Bhíodhas ábalta an taispeántas a chur ar bun le tacaíocht ó dheontóir

príobháideach agus ón Roinn Turasóireachta, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán. Bhí foilseachán maisithe ag gabháil leis an taispeántas.

Anne Yeats: The Everyday Fantastic.

(2 Deireadh Fómhair 2021 – 9 Deireadh Fómhair 2022), Seomra 11 |

Saorchead isteach

Coimeádaithe: Donal Maguire, Grace O’Boyle agus Donna Rose

D’oibrigh Anne Yeats (1919-2001), ealaíontóir agus dearthóir, le holaí agus rinne sí obair dheartha d’amharclanna agus d’fhoilseacháin. B’iníon í le W. B. Yeats a tógadh i gcultúr na hAthbheochana Gaelaí. Ina saothar mar ealaíontóir agus mar dhearthóir, chruthaigh sí ábhar a bhain leis an saol traidisiúnta agus an saol nua-aimseartha araon. D’oibrigh sí mar phríomhdhearthóir d’Amharclann na Mainistreach, agus bhí ról tábhachtach aici i dTaispeántas Ealaíne Beo na hÉireann; bhunaigh sí an Stiúideo Grafach; agus bhí sí ar dhuine de bhunaitheoirí Aosdána. Thug an taispeántas seo léargas ar phróisis chruthaitheacha an ealaíontóra agus ar a samhlaíocht ina cuid oibre mar ealaíontóir agus mar dhearthóir. Léiríodh chomh maith cartlann an ealaíontóra mar áit a bhfuil fianaise ar fáil maidir le cruthaitheacht, turgnamhaíocht, cliseadh agus dul chun cinn i gcleachtas ealaíne.

Boring Art?

(16 Deireadh Fómhair 2021 – 16 Eanáir 2022), Seomra Hugh Lane | Saorchead isteach

Coimeádaithe: Coimeádaihe Óga an Tionscadail Apollo agus Catherine O'Donnell

Don chéad uair riamh, rinne grúpa daoine óga coimeád ar thaispeántas de phictiúir a tógadh as bailiúchán buan Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann. Thug an seachtar Coimeádaí Óga de chuid an Tionscadail Apollo dearcadh úr ar shaothair a bhféadfadh sé gur mheas roinnt daoine go raibh siad 'leadránach' nuair a d'fhéach siad orthu ar dtús. Bhain na daoine óga ó chúlraí éagsúla, agus láidreachtaí agus pearsantachtaí éagsúla acu, agus bhí tionchar nua ar leith ag gach duine díobh ar an tionscadal. Chuir an taispeántas béim ar ábhair atá tábhachtach do dhaoine óga in Éirinn sa lá atá inniu ann, agus rinne sé ceiliúradh ar a dtuairimí.

Unity in Diversity: Joseph Beuys in Ireland.

(30 Deireadh Fómhair 2021 – 9 Eanáir 2022), Stiúideo Sciathán na Mílaoise | Saorchead isteach

Coimeádaí: Sean Rainbird

Rinne an taispeántas beag grianghraf seo, a bhí á choimeád ag Sean Rainbird, comóradh ar chéad bliain ó rugadh Joseph Beuys (12 Bealtaine 1921), duine de na healaíontóirí Gearmánacha b'iomráití agus ba thábhachtaí ag deireadh na fichiú haoise. Is í Caroline Tisdall, iriseoir, grianghrafadóir agus cara le Beuys, a thóg na grianghraif. Léiríonn na híomhánna seo an t-am a chaith Beuys in

Éirinn agus léirítear áiteanna a bhí tábhachtach dó i bhforbairt a chuid ealaíne agus smaointe.

Duais Phortráide Zurich agus Duais Phortráide Zurich do Dhaoine Óga 2021.

(13 Samhain 2021 – 3 Aibreán 2022), Gailearaí na bPortráidí | Saorchead isteach

Coimeádaithe: Sarah McAuliffe do Dhuais Phortráide Zurich agus Jennie Taylor do Dhuais Phortráide Zurich do Dhaoine Óga

Bhí an comórtas don duais phortráide ar siúl den ochtú bliain as a chéile. In ainneoin na ndúshlán a bhain leis an bpaindéim, cuireadh isteach a lán iarratas. Arís eile, tháinig siad seo ó gach cearn den tír agus ó dhaoine thar lear, agus arís bhí na hiontrálacha éagsúil agus ar ardchaighdeán, rud a bhfuil an Gailearaí i dtaithí air anois. Roghnaigh na moltóirí – Seán Kissane, an Dr Róisín Kennedy agus Eamonn Doyle *Me Ma Healing Me* le Salvatore mar an saothar buaiteach, agus *Cabbage Baby* (Féinphortráid) le Vanessa Jones agus *Note to Self* le Tom McLean mar phíosaí a thuill ardmholadh. Bronnadh Duais Phortráide Zurich do Dhaoine Óga ar Della Cowper-Gray as a portráid, *Painting in a Different World Now (My Father the Artist)*. Cuireadh na saothair, a bhí ar an ngearrliosta don dá chomórtas, ar taispeáint cóngarach dá chéile sa Ghailearaí agus cuireadh ar taispeáint iad i nGailearaí Crawford, i gCorcaigh, i ndiaidh an taispeántais i mBaile Átha Cliath. Bhí gach saothar ar ghearrliosta an dá chomórtas le feiceáil san fhoilseachán a ghabh leis an taispeántas.

FOILSEACHÁIN EILE NACH BHFUIL LIOSTAITHE FAOI NA TAISPEÁNTAIS

Iris, An Gailearaí

Foilsíodh dhá eagrán d'iris *An Gailearaí* i 2021. Foilsíodh é i gcomhar lenár gcomhpháirtithe Cultureshock. Coinníonn an iris ár bpáirtithe leasmhara agus lucht spéise ar an eolas maidir lenár gcuid oibre. Tá eolas agus gné-ailt ar fáil san iris maidir le gníomhaíochtaí, scéalta nuachta, scéalta maidir le hobair atá ar siúl sa chúlra agus gné-ailt le foireann an Ghailearaí agus aoi-scríbhneoirí. Seoltar *An Gailearaí* chuig Pátrúin agus Cairde an Ghailearaí trí huaire sa mbliain, de ghnáth agus tá sé ar díol i Siopa an Ghailearaí.

Dialann Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann 2021

Féilire Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann 2021

The Crowning Glory: Lavinia Fontana's Queen of Sheba and King Solomon 2021

CAOMHNÚ AGUS CÚRAM A DHÉANAMH DON BHAILIÚCHÁN

Príomhthionscadail

I rith 2021, rinne an fhoireann Chaomhantais taighde agus cóireálacha, rinne siad cúram don bhailiúchán atá stóráilte, rinne siad cúram do thaispeántais agus saothair nua a fuarthas, agus neartaigh siad an ceangal le lucht spéise, urraitheoirí agus bronnóirí trí scannáin, cainteanna agus foilseacháin.

The Holy Family

Ceannaíodh an sárshaothar beag seo, *The Holy Family*, i Londain i 1906, a luaitear leis an ealaíontóir Veinéiseach, Jacopo Palma II Vecchio (c.1479-1528), agus tá sé stóráilte ó shin i leith. Rinneadh damáiste don taca adhmaid agus tá fad-scoilteanna ann, lagaíodh na sraitheanna péinte de bharr scealptha, agus tharla dídhathú de bharr sraitheanna sean-vearnais.

Nocht an réamh-imscrúdú fótagrafach gréasán casta ‘folíníochta’ ina bhfuil imlínte beachta agus stríocadh scuaise ag céimeanna ullmhúcháin agus ina dhiaidh sin, roinnt mionathruithe nó ‘*pentimenti*’.

Ní hamháin gur nocht na tástálacha glantacháin bun-láidreacht agus beogacht na ndathanna mar ba ghnách le healaíontóirí Veinéiseach na séú haoise déag a úsáid, ach nochtadh freisin an Sean-Tiomna, a bhí folaithe ag forphéint, in íochtar na híomhá ar thaobh na láimhe deise.

Tá an Bíobla ar cheann de shiombailí seanbhunaithe Naomh Iaróm, ceannaire na mainistreach, agus an chéad duine a d’aistrigh an Sean-Tiomna go Laidin. Dhearbhaigh an pictiúr nua seo cérbh é an naomh go cinnte. Tá an próiseas caomhnaithe ag leanacht ar aghaidh, agus i 2022, déanfar an painéal

athchóirithe iomlán a nochtadh agus cuirfear isteach sa bhfráma ar stíl ‘Sansovino’ é, ina raibh sé ar dtús.

Priontaí Nua-aoiseacha

Cuireann an dúch fosfaraíoch cuma ‘lonrú-sa-dorchadas’ ar phrionta, ina ndéanann na fosfair atá sa dúch radaíocht ón solas a shú isteach agus ansin scaoiltear amach é go mall.

Tugann taighde le fios go dtréigeann dúch fosfaraíoch go tapa, agus mar sin tá sé ríthábhachtach comhdhéanamh an dúigh a aithint ionas go dtuigfimis conas a d’fhéadfadh an solas dul i bhfeidhm ar na hábhair atá sna priontaí agus conas a d’fhéadfaidís díghrádú le himeacht ama. Tá an taighde seo tábhachtach chun cur ar chumas an Ghailearaí pleanáil chun cinn chun na priontaí seo a chaomhnú.

Nochtadh The Visit of the Queen of Sheba to King Solomon le

Lavinia Fontana

Sa bhliain 2021, cuireadh *The Visit of the Queen of Sheba to King Solomon* le Lavinia Fontana ar taispeántas tar éis tréimhse fhada a bheith caite i mbun taighde agus cóireála caomhnaithe. Thug Tionscadal Caomhnaithe Ealaíne Bank of America tacaíocht fhlaithiúil i gcomhair na hoibre seo. Rinneadh deisiú struchtúrach cuimsitheach air agus baineadh forphéint agus sraitheanna sean-vearnais, a bhí dídhaite, de. Anois tá an phéintéireacht ar taispeántas go sábháilte agus beidh cuairteoirí in ann sásamh a bhaint as go ceann blianta fada. Fuarthas léargas spéisiúil nua ar bhunús agus ar chomhdhéanamh na péintéireachta le linn an tionscadail agus thug sé seo tuiscint ar theoiricí iontacha coimeádaíochta. I rith an tionscadail, rinne an fhoireann Chaomhantais idirghníomhú le lucht spéise tríd an taispeántas sealadach i

Seomra 27, agus cuireadh ábhar ar líne agus i bhfoilseachán le léaráidí áille, a léirigh tábhacht an ealaíontóra.

AN LEABHARLANN AGUS NA CARTLANNA

Tá an bailiúchán taighde is mó in Éirinn ó thaobh stair na healaíne agus disciplíní gaolmhara i Leabharlann agus i gCartlanna an Ghailearaí, agus i Lárionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann (CSIA). Is acmhainn thábhachtach é an bailiúchán cáipéisí agus na foilseacháin stairiúla seo d'aon duine ar spéis leis na hamharcealaíona in Éirinn. De bharr na tacaíochta a thugaimid do thaighde chomh maith lenár gclár cainteanna, turais, cumarsáid ar líne, ceardlanna, comhfhiontair agus taispeántais, cruthaímid deiseanna do dhaoine teacht ar bhailiúcháin an Ghailearaí agus léirthuisct a fháil ar an ealaín agus an stair a bhaineann léi. I rith 2021, agus muid ag obair de réir na srianta sóisialta agus srianta san ionad oibre de bharr na paindéime, dhírigh an clár leabharlainne agus na gcartlann ar rannpháirtíocht dhigiteach, ar bhailiúcháin dhigiteacha a fhorbairt agus ar ár seirbhísí taighde fíorúla a fheabhsú. Tugadh tús áite do ghníomhaíochtaí ar líne, agus, go háirithe, an tionscnamh, *Gailearaí Náisiúnta na hÉireann sa Bhaile*.

Bhí an-tóir i rith na bliana ar rannpháirtíocht dhigiteach ina raibh ceangal idir réada ón mbailiúchán agus eachtraí sa ghnáthshaol laethúil. Tharla seo de bharr cur chuige straitéiseach inar cruthaíodh agus foilsíodh ábhar nua ó bhailiúcháin na leabharlainne agus na gcartlann ar roinnt ardán ar líne de chuid an Ghailearaí. In ainneoin dhúshláin na paindéime i 2021, b'éacht mór taispeántais bhliantúla Lárionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann a chur ar bun, a thug deis rithábhachtach na bailiúcháin a chur ar taispeáint.

De bharr na paindéime, dúnadh an leabharlann agus seomraí léitheoireachta Lárionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann ar feadh tréimhsí fada i 2021. Mar thoradh ar thaithí na foirne i 2020, d'aimsigh an fhoireann bealaí nua chun

deis a thabhairt dár lucht spéise teacht ar ár mbailiúcháin agus ár n-acmhainní taighde ealaíne. Cuireadh a lán dár seirbhísí ar fáil ar líne agus cuireadh sraith seirbhísí digiteacha agus cúrsaí oiliúna ar fáil do thaighdeoirí. Tháinig méadú ar éileamh i ndáil le rochtain ar líne ar chatalóga leabharlainne agus cartlainne agus ar sheirbhísí síntiúis dhigitigh. I rith na bliana, reáchtáladh fiche cúig imeacht oideachais ar líne agus ghlac beagnach 1,000 duine páirt sna seisiúin. I measc na mbuaicphointí, bhí imeachtaí a bhain le taispeántas cartlainne *Anne Yeats: The Everyday Fantastic*.

I 2021, leanadh leis an gclár comhaltachta, atá á reáchtáil ag an Rannóg le roinnt blianta anuas. Tá sé mar aidhm aige deis a thabhairt do chéimithe nua i réimsí na staire ealaíne, na cartlainne agus na leabharlainne taithí ghairmiúil a fháil i dtimpeallacht iarsmalainne. Tugann ár gcomhpháirtithe seanbhunaithe, BSL agus Fondúireacht H.W. Wilson, tacaíocht don Chomhaltacht. I 2021 chuidigh triúr Comhaltaí, Grace O'Boyle, Donna Rose agus Mary Clare O'Brien, le gach gné dár gclár. Thacaigh na comhaltaí le gach seirbhís taighde agus tionscadal rannpháirtíochta. Bhí ról thar a bheith tábhachtach acu maidir le hábhar tarraingteach agus a bhfuil ábhar machnaimh ann a chruthú do thionscnamh *Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann sa Bhaile*. Chomh maith leis sin, rinne Mary Clare O'Brien, comhalta H.W. Wilson, gníomhaíochtaí rannpháirtíochta na leabharlainne agus na cartlainne a chomhordú i rith na bliana, bhunaigh Donna Rose, Comhalta CSIA BSL, an chéad Fhóram Bailiúcháin um Éagsúlacht, Cothromas agus Ionchuimsiú de chuid an Ghailearaí, agus chuir Grace O'Boyle, Comhalta CSIA BSL i gcomhar le Rannóg Oideachais an Ghailearaí sraith Ceardlanna ar bun a bhí in oiriúint do dhaoine le néaltrú.

Nuair a osclaíodh an Gailearaí arís i mí na Bealtaine leanadh le taispeántas George Bernard Shaw, Lárionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann, a bhí

faoi choimeád Chartlannaí an Ghailearaí, Leah Benson. Bhí sé ar siúl go dtí mí Lúnasa agus ina dhiaidh sin díreach seoladh taispeántas nua Lárionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann, *Anne Yeats: The Everyday Fantastic*, ina mbaintear úsáid as cartlann Yeats chun iniúchadh a dhéanamh ar a saol agus ar a saothar. Ba iad Donal Maguire (Coimeádaí, ESB CSIA) Grace O'Boyle agus Donna Rose na coimeádaithe, agus sa taispeántas cuireadh béim ar chruthaitheacht, thurgnamhaíocht agus ar phróiseas i saothar Yeats i rith na mblianta fada. Déantar iniúchadh ar an méid a chuir Yeats le cultúr na hÉireann lena hiliomad sceitsí, eitseálacha agus pictiúir.

Leanadh ag forbairt *Source*, acmhainn nua ar líne de chuid an Ghailearaí, agus seolfar é i 2022. Is éard atá in *Source* ná ardán taighde saor in aisce ar líne, de chuid Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann a thabharfaidh rochtain ar na mílte cartlann digitithe, foilseachán agus ephemera a bhaineann le stair na healaíne in Éirinn. Beidh bailiúcháin mhóra ar fáil, ina measc, cartlanna Gerda Frömel, Roderic O'Connor, William Orpen, Walter Osborne agus Sarah Purser. I rith 2021, dhírigh an fhoireann ar chatalógú, dhigitiú agus léirmhíniú na mbailiúchán seo. Ag an am céanna, rinneadh athfhorbairt mhór ar bhonneagar teicniúil na mbailiúchán digiteach, faoi mhaoirseacht Catherine Sheridan, Leabharlannaí na mBailiúchán Digiteach.

Ba mhian leis an nGailearaí le fada an lá Clár Bainistíochta Taifead a fhorbairt agus cuireadh tús leis seo i 2021 agus cruthaíodh post mar Bhainisteoir Taifead. Ceapadh Ashley Williams sa phost agus is eisean a dhéanfaidh maoirseacht ar fheidhmiú an chlár. Tá sé mar aidhm ag an gClár Bainistíochta Taifead tacú le bainistiú agus stóráil thaifid an Ghailearaí, chun éifeachtúlacht a fheabhsú, comhlíonadh rialála a chinntiú, agus cuimhne institiúideach an Ghailearaí Náisiúnta a chaomhnú.

RANNPHÁIRTÍOCHT PHOIBLÍ

CUMARSÁID LEIS AN BPOBAL LE LINN NA PAINDÉIME

Ag Fáiltiú roimh Chuaireoirí chuig an nGailearaí arís

Tháinig breis is ceathrú milliún cuairteoir chuig an nGailearaí i 2021. Bhí athrú suntasach le sonrú ar phróifíl na gcuaireoirí a tháinig chuig láthair an Ghailearaí féin. Tháinig níos mó daoine óga agus go leor cuairteoirí agus teaghlaigh atá lonnaithe in Éirinn.

Bhainistigh foireann Eispéireas na gCuaireoirí bearta sábháilteachta breise, ina measc ticéad iontrála ginearálta saor in aisce i gcomhair rianú teagmhála, agus neartaíodh an ceangal lenár gcuaireoirí i dtimpeallacht fháilteach shábháilte. Ní fhacamar an oiread sin cuairteoirí idirnáisiúnta ag filleadh go dtí an fómhar.

Rannpháirtíocht agus Cumarsáid Dhigiteach

Bhí rannpháirtíocht agus cumarsáid dhigiteach ríthábhachtach d'fheidhmiú an Ghailearaí arís i mbliana. Dhíríomar ar ár lucht féachana ar líne, a spreagadh, a choinneáil ar an eolas, chomh maith le siamsaíocht a chur ar fáil dóibh. Léirigh an fhoireann Cumarsáide, Margaíochta agus Rannpháirtíochta Digiteach stuamacht i dtaobh cothromaíochta idir príomhtheachtaireachtaí maidir le sábháilteacht cuairteoirí, taispeántais agus cláir agus conas bealaí digiteacha an Ghailearaí a úsáid chun scéalta suimiúla faoin mBailiúchán agus taispeántais a insint.

Mar shampla, léirigh an taispeántas *New Perspectives: Acquisitions 2011-2020* cuid de na treoracha nua ar ghlac an Gailearaí leo agus an Bailiúchán á fhorbairt. Ar fud na n-ardán digiteach go léir, dhírigh an fhoireann Cumarsáide, Margaíochta agus Rannpháirtíochta Digiteach go príomha ar an gcaoi a bhfuil an Bailiúchán á fhorbairt agus chomhoibrigh siad le chéile chun scéalta a phlé agus chun bealaí tarraingteacha a chruthú chun na scéalta seo a chur i láthair

an phobail. Uaireanta, is éard a bhí i gceist leis seo ná tochailt dhomhain isteach i saothair sa Bhailiúchán nach raibh mórán eolais fúthu nó ceangal gan choinne (ach fírinneach) a dhéanamh idir an Bailiúchán agus eachtra reatha nó eachtra mearscaipthe éigin. Spreagadh cuairteoirí chun ceangail phearsanta a chruthú leis na saothair nua a bhí ar taispeántas agus roghanna nua a aimsiú trí thráth na gceist spráúil ar líne: ‘Which Artwork Is Your Perfect Match?’

Ag deireadh na bliana, bhuaigh feachtas digiteach an Ghailearaí, an *Gailearaí Náisiúnta sa Bhaile* gradam Cré-umha sa chatagóir Rialtais agus Neamhbhrabúis ab fhearr de chuid Ghradaim na Meán Digiteach. Thug na gradaim aitheantas do straitéis, dearadh agus comhtháthú na foirne ar fud na gcainéal éagsúil, chomh maith leis an ábhar tarraingteach a chruthaigh a lán rannóga de chuid an Ghailearaí.

BUAICPHOINTÍ NA RANNPHÁIRTÍOCHTA POIBLÍ

- **233** lá ar oscailt do chuairoteoirí i 2021. 129 lá dúnta de bharr na paindéime.
- **252,602** cuairteoir ar líne (10 Bealtaine - 31 Nollaig 2021).
- **2.1 milliún** líon amhairc ar leathanaigh ghréasáin.
- **921,013** cuairteoir ar shuíomh gréasáin an Ghailearaí (**méadú de 38%**). 47% díobh as Éirinn agus 53% cuairteoir idirnáisiúnta.
- **174,757** leantóir ar na cainéil meán sóisialta.
- **12,079 uair a chloig** féachana ar YouTube. Ba as na Stáit Aontaithe 35% de lucht féachana na bhfíseán.
- **42%** méadú ar líon shíntiúsóirí Nuachtlitir an Ghailearaí.
- **23,781** líon éisteachtaí ar chainéal SoundCloud an Ghailearaí (**méadú 89%**).
- **3,222** íoslódáil acmhainní oideachais do scoileanna, in ionad na dturas scoile a raibh an-tóir orthu. .
- **3,176** cuairteoir a d'fhreastail ar Oíche Chultúir an Ghailearaí ar an láthair agus ar líne.
- **334** gné-alt i bhfoilseacháin ar líne agus i bhfoilseacháin chlóite réigiúnacha.
- **137** gnéchlár ar stáisiúin raidió áitiúla ar fud na hÉireann.
- Dáileadh **6670** cóip den iris *An Gailearaí* ar Chairde agus Pátrúin

BUAICPHOINTÍ OIDEACHAIS

- **356,055** duine a ghlac páirt i ngníomhaíochtaí Oideachais (ar líne agus ar an láthair) i 2021.
- **142,673** múinteoir agus scoil a ghlac páirt i ngníomhaíochtaí oideachais.
- **664** imeacht a eagraíodh i 2021.

Príomhthionscadail

Do Ghailearaí ar Scoil le tacaíocht fhlaithiúil ó SMBC Aviation

Capital

De bharr gur éirigh go maith leis an gclár píolótach inar ghlac 1,000 mac léinn páirt agus iad ag idirghníomhú le healaíontóirí trí cheardlanna agus seimineáir ghréasáin, thug SMBC Aviation Capital a dtacaíocht in athuair don tionscadal *Do Ghailearaí ar Scoil*, tionscadal for-rochtana scoile a bhfuil sé mar aidhm aige na constaicí a bhíonn ag daoine óga, agus iad ag plé leis an ealaín, a shárú.

Na Bunscoileanna a ghlac Páirt:

- Scoil Chiaráin SBC, Ascaill Uí Choileáin, Cluain Tarbh Thiar, Baile Átha Cliath 5
- Scoil Náisiúnta Chliafuine, Cliafuine, Co. Shligigh
- Scoil Náisiúnta Dhomhnach, Carn Domhnach, Co. Dhún na nGall

Iar-Bhunscoileanna a ghlac Páirt:

- Coláiste Mhichíl, Sráid Uí Sheasnáin, Cathair Luimnigh
- Gairmscoil Inis Díomáin, Inis Díomáin, Co. an Chláir
- Ógtheagmháil Léim an Bhradáin, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara

Jack B. Yeats: Comórtas Ealaíne Painting & Memory

Chun ceiliúradh a dhéanamh ar thaispeántas Jack B. Yeats: Painting & Memory, reáchtáil an Gailearaí comórtas ealaíne do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar oileán na hÉireann, le tacaíocht ó Key Capital. Rinne an comórtas seo ceiliúradh ar phobail éagsúla na hÉireann, agus tugadh deis do scoileanna dul i ngleic le téamaí a bhain le háiteanna agus cuimhne i saothar Jack B. Yeats.

Tugadh cuireadh do scoileanna oibriú mar fhoireann, agus saothar ealaíne comhoibríoch a chruthú spreagtha ag cuimhní cinn daoine ina gceantar áitiúil. Bhí rogha ag na scoileanna a saothar ealaíne a chruthú i bhfoirm ar bith b'ansa leo.

- **56** scoil a d'fhreastail ar an seimineár gréasáin d'iar-Bhunscoileanna
 - **29** scoil a chuir isteach ar an gcomórtas
- **73** scoil a d'fhreastail ar an seimineár gréasáin do Bhunscoileanna
 - **27** scoil a chuir isteach ar an gcomórtas
- **97** saothar ealaíne grúpa a cuireadh isteach

Na Bunscoileanna a Bhuaigh:

- SN Éadan Fhionnfhraoich Eadan Fhionnfhraoich, Na Gleannta, Co. Dhún na nGall: *Doors – Portals of Transportation, Memories and Time.*
- Scoil Eoin, Trá Lí, Co. Chiarraí: *Community Remembers the Rose of Tralee*
- Scoil Náisiúnta Bhaile an Loig, Béal Trá, Co. Shligigh: *Our Magical Memories of Beautiful Beltra.*
- Scoil Náisiúnta Naomh Fionntán, Lios Mhic Gofraidh, Co. na hIarmhí: *Shining Lights on Our Memories of our Locality and its People.*

Na hIar-Bhunscoileanna a Bhuaigh:

- Coláiste Cuimsitheach Naomh Louise, Béal Feirste: *Local Beauty*
- Meánscoil Naomh Iósaf, An Ros, Co. Bhaile Átha Cliath: *Community and Identity in Rush*
- Pobalscoil Naomh Eoin Baiste, an tOspidéal, Co. Luimnigh: *Illuminated Memory Bubbles*
- Coláiste Muire, Baile an Mhóta, Co. Shligigh: *Ballymote Treasures*

LUCHT SPÉISE, POBAL AGUS CAIDRIMH NUA

Príomhthionscadail

Boring Art?

Ba é *Boring Art?* (16 Deireadh Fómhair 2021 – 16 Eanáir 2022) an toradh a bhí ar thionscadal oideachais a mhair ar feadh bliana agus ina raibh grúpa seachtar óg ó chúlraí éagsúla páirteach. Is ar Zúm amháin a bhuaill na rannpháirtithe le chéile, beagnach i gcónaí. Chuir foireann an Ghailearaí oiliúint agus meantóireacht ar Choimeádaithe Óga Thionscadal Apollo. Is iad na daoine óga féin a rinne na cinntí coimeádaíochta ar fad agus iad ag roghnú ábhar as liosta fada de shaothair ealáine Bhailiúchán Bhaile an Mhuilinn. Rinne siad téama a fhorbairt a thaitneodh le daoine óga – roghnaigh siad teideal agus na saothair dheiridh, rinne siad an plean crochta a dhréachtú, scríobh siad an téacs don taispeántas, agus roghnaigh siad scéim dathanna a bhí úr agus beoga don taispeántas.

Bhí an taispeántas deiridh spráúil agus spreagúil araon, tugadh léargais úra ar shaothair a raibh roinnt daoine den tuairim go raibh siad ‘leadránach’ nuair a d’fhéach siad orthu ar dtús. Baineadh úsáid as ráitis chumhachtacha ó dhaoine, ina measc, Maureen Monahan, marthanóir de chuid na n-áras máithreacha agus páistí, úinéir drúthlainne ón ochtú haois déag agus ceannródaí feiminigh Peg Plunkett, chomh maith leis an amhránaí mór le rá Beyoncé, chun aird a tharraingt ar an ábharthacht chomhaimseartha a bhaineann leis na saothair, a bailíodh ar dtús do na Tithe Móra in Éirinn. Bhí ceist ar gach lipéad a thug dúshlán don lucht féachana a n-intinn féin a dhéanamh suas faoi cheisteanna atá tábhachtach do dhaoine óga in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Not Bloody Likely: Ómós Tablóideach do George Bernard Shaw

Cruthaíodh an foilseachán seo trí mhodúl creidiúnaithe dar teideal ‘My Fair Lady: Radical Publishing and the Shaw Collection’, faoi cheannas Nathan O’Donnell, mar chuid de chomhshaothar idir mic léinn Máistreacht - Ealaín sa Saol Comhaimseartha (ACW), Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha (NCAD) agus Gailearaí Náisiúnta na hÉireann. Thar thréimhse dhá sheachtain déag, ghlac mic léinn ACW páirt i bplé ar fhoilsitheoireacht radacach, oidhreacht, cóipcheart agus féiniúlacht Bernard Shaw, i measc ábhair spéise agus topaicí eile. Bhuaile na mic léinn le baill foirne an Ghailearaí ó rannóga an Oideachais, na Leabharlainne & na gCartlann agus Foilseacháin & Íomhánna, agus é mar aidhm acu comhráite agus ceangail idir CNED (NCAD) agus an Gailearaí a chur i bhfoirm chlóite. Seoladh an foilseachán, a dáileadh tríd an bpost, ar 21 Aibreán, leis na mic léinn ag léamh ar líne chomh maith le comhrá idir an t-aisteoir Clare Dunne, an t-amharcealaíontóir Aoibheann Greenen agus an scríbhneoir Una Mullally, agus ba é Declan Long, comhordaitheoir an chúrsa ESC (ACW) a bhí mar chathaoirleach. Bhí réimse ábhar a bhain leis an mBailiúchán Buan agus saol agus oidhreacht George Bernard Shaw sa bhfoilseachán seo, rud a mhéadaigh an ceangal idir an Gailearaí agus dioscúrsa comhaimseartha.

Ardán Nua chun Rochtain Níos Fearr a chur ar fáil do dhaoine ar an mBailiúchán

I mí Feabhra 2021, chuir an fhoireann Foilseachán agus Íomhánna tionscnamh spreagúil nua ar bun chun Bailiúchán an Ghailearaí Náisiúnta a oscailt don phobal. Cuireadh os cionn 1,000 íomhá dhigiteach ardaifigh de shaothair ealaíne ón mBailiúchán ar fáil le híoslódáil saor in aisce agus oscailte le húsáid faoi cheadúnas Creative Commons.

Bhí siad ar fáil ar shuíomh Gréasáin íomhánna an Ghailearaí

www.nationalgalleryimages.ie agus bhí úsáideoirí in ann íomhánna ar ardchaighdeán a íoslódáil chun iad a úsáid, a roinnt agus a oiriúnú go héasca. I 2021, d'íoslódáil beagnach 5,000 úsáideoir íomhánna ón suíomh agus baineadh úsáid astu i leabhair, ar an teilifís agus i scannáin, i nuachtlitreacha, ar na meáin shóisialta, le linn teagaisc, i dtionscadail scoile, i gcomhair stair teaghlaigh, agus in a lán eile.

Cuirtear íomhánna breise ar an ardán go rialta. Fuarthas deontas don tionscadal ón gCiste Rannpháirtíochta na Sonraí Oscailte a bhronn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Gaisce LikeMinded: Queer Mind, Body and Soul

I gcomhar le Gaisce – Gradam an Uachtaráin, ceann de thrí chomhpháirtí an Tionscadail Apollo, seoladh an taispeántas *Queer Mind, Body and Soul* ar 29 Iúil le linn ócáide a bhí ar líne/ar an láthair araon agus d'fhreastail Roderic O'Gorman TD, an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ar an ócáid. Is clár féinfhorbartha é Gaisce do dhaoine óga idir 14 agus 25 bliain d'aois in Éirinn.

Rinneadh iniúchadh ar thaithí agus ar thuairimí sé dhuine dhéag óg ó phobal LGBTQIA+ , daoine atá neamhréireach ó thaobh inscne de agus lucht tacaíochta. Bhí an taispeántas seo ar siúl i Stiúideo Sciathán na Mílaoise sa Ghailearaí go dtí 17 Deireadh Fómhair.

I dteannta an ealaíontóra Shireen Shortt, chuir baill den ghrúpa Gaisce LikeMinded iad féin in iúl go healaíonta in iliomad disciplíní agus meán. Scrúdaigh na saothair ealaíne sa taispeántas seo taithí agus mothúcháin éagsúla bhaill an ghrúpa, agus bhí súil acu go léireoidís an taithí a bhí ag a lán

daoine óga ó phobal LGBTQIA+ agus daoine óga atá neamhréireach ó thaobh inscne de.

FORBAIRT, TIOMSÚ AIRGID AGUS CAIRDE

FORBAIRT, TIOMSÚ AIRGID AGUS CAIRDE

Mar thoradh ar dhúshláin na paindéime, tháinig laghdú, nár tharla a leithéid riamh roimhe seo, ar chineálacha tábhachtacha tacaíochta airgid an Ghailearaí. Bhí laghdú mór ar shíntiúis ar an láthair, mar aon leis an ioncam ó Shiopa agus Caifé an Ghailearaí agus imeachtaí eile – tá an cúnamh airgid a sholáthraíonn siad seo an-tábhachtach don Ghailearaí. Táimid buíoch dár lucht tacaíochta dílis, a chabhraigh linn coinneáil ag imeacht le linn na tréimhse deacra seo.

Príomhthionscadail & Lucht Tacaíochta

- **Bhí ar ár gcumas an saothar tábhachtach, *Bachelor's Walk, In Memory* le Jack B. Yeats a fháil don Bhailiúchán Náisiúnta le tacaíocht ón Rialtas agus bronnóirí príobháideacha éagsúla. Seo a leanas liosta na mbronnóirí seo:**

Key Capital / Jay agus Silvia Krehbiel / Brian Kennelly SC / Lady Mary Hatch / Alan Davis / Tony Ahearne / Brendan Burgess / Adrian agus Jennifer O'Carroll / Donal agus Cecilia Gallagher / Anthony J. Mourek / bronnóirí eile ar mhian leo gan a n-ainmneacha a thabhairt.

- **Thacaigh a lán daoine aonair agus eagraíochtaí le cláir an Ghailearaí:**

Fondúireacht Apollo / Fondúireacht Theaghlach Blavatnik /
Fondúireacht Getty / An Chomhairle Oidhreachta / Fondúireacht H.W. Wilson / Fondúireacht Sir Denis Mahon / Fondúireacht State Street /
FnaSS Crannchur Náisiúnta / Brian agus Susan Dickie / Jay agus Silvia Krehbiel / John McNamee Sullivan / Tony Ahearne / Brendan agus Laurie Keegan / daoine eile ar mhian leo gan a n-ainmneacha a thabhairt.

- **Comhpháirtithe agus Urraitheoirí Corparáideacha**

AIB / Bank of America / BSL / Focal Media / Key Capital / Grúpa Maples / Northern Trust / Permanent TSB / SMBC Aviation Capital / Sotheby's / Zurich Insurance plc.

- **Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann**

I 2021, ba dheas uaidh Chairde an Ghailearaí cuidiú le foilsiú an leabhair a ghabh le taispeántas *Jack B. Yeats: Painting and Memory*. Sa leabhar seo atá faoi chlúdach crua, tá macasamhlacha de phictiúir ola a rinne Yeats i rith 40 bliain, chomh maith leis na háiteanna agus na daoine a thug sé chun cuimhne agus a chuid tuairimí maidir leis an gcine daonna, chomh maith le téacsanna agus aistí a scríobh coimeádaithe an taispeántais – Brendan Rooney agus Donal Maguire agus na haoi-údair Caitríona Yeats, Colm Tóibín agus an Dr Ruth Byrne.

- **Pátrúin de chuid Ealaín na hÉireann**

Anthony agus Karole Mourek / Brian Kennelly S.C. / Carmel Naughton / Donal agus Cecilia Gallagher / David Hansell agus Dr Nora Grenager / Dr Arlene Hogan / Dr Jean Whyte / Dr Tom Carey / Eamonn agus Kay Curley / Éamonn Duffy / Fiona Henry / Ian Whyte / Jack O'Brien / James O'Halloran / John Feeney / Karen McGinley / Karlin Lillington agus Chris Horn / Laurie Keegan / Lochlann agus Brenda Quinn / Marie Moloney / Mary agus Máirtín MacAodha / Maureen Beary Ryan / Maire agus Maurice Foley / Michael agus Dearbhail Bermingham / Michael agus Gemma Maughan / Norma Smurfit / Michael D. Kunkel agus Henry Cox / Maurice Collins agus Nora Rice / Pat Desmond / Patricia Lawless / Peter Woods DL / Sarah Conroy / Sinéad Nic Oireachtaigh / Sonia Rogers /

Susann Claffey / Stuart Cole / Terence Launders / Terry Walsh agus Bríd Kemple / Tony Kilduff / Vincent Hibbert / agus daoine eile ar mhian leo gan a n-ainmneacha a thabhairt.

- **Ciorcal an Choimeádaí**

Adrian agus Jennifer O'Carroll / Lady Mary Hatch agus Simon Avery / Margaret Glynn / Michael agus Maria Rosa Fry / agus daoine eile ar mhian leo gan a n-ainmneacha a thabhairt.

- **Ciorcal an Stiúrthóra**

Ivor O'Shea / Lady Sheelagh Davis-Goff / agus daoine eile ar mhian leo gan a n-ainmneacha a thabhairt .

- **Ciorcal Dargan**

Fred agus Kay Krehbiel

- **Cairde Meiriceánacha Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann**

- **Cairde Idirnáisiúnta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann**

Glacamaid buíochas le gach duine a thacaigh le hobair an Ghailearaí i 2021.

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Acmhainní Daonna

Cinntíonn Acmhainní Daonna (AD) go gcuireann na cláir, beartais agus nósanna imeachta sa Ghailearaí ar chumas na foirne an méid is féidir leo a dhéanamh chun cuspóirí straitéiseacha an Ghailearaí a bhaint amach go hiomlán.

Cothaíonn AD timpeallacht oibre thacúil agus ionchuimsitheach. Cothaítear tionscnaimh a théann chun leasa na foirne chomh maith le tionscnaimh rannpháirtíochta foirne. Tugtar deiseanna gairme agus forbartha gairme don fhoireann, a chuireann ar a gcumas feidhmiú níos éifeachtaí ina gcuid oibre. De bharr go raibh paindéim Covid-19 fós ag cruthú deacrachtaí i 2021, lean tromlach na foirne ag obair ón mbaile (nó ar bhonn oibre cumaisc).

I 2021, thacaigh Cairde an Ghailearaí go cineálta le foilsiú an leabhair a ghabh le taispeántas *Jack B. Yeats: Painting and Memory*. Sa leabhar seo atá faoi chlúdach crua, tá macasamhlacha de phictiúir ola a rinne Yeats i rith 40 bliain, chomh maith leis na háiteanna agus na daoine a thug sé chun cuimhne agus a chuid tuairimí maidir leis an gcine daonna, chomh maith le téacsanna agus aistí a scríobh coimeádaithe an taispeántais – Brendan Rooney agus Donal Maguire agus na haoi-údair Caitríona Yeats, Colm Tóibín agus an Dr Ruth Byrne.

Ag teacht le treoir an Rialtais, chuir an Gailearaí an Beartas um Cheart Dínasctha i bhfeidhm agus chomh maith leis sin seoladh Tionscadal Píolótach, Plean Oibre Cumaisc (BWP) sa cheathrú Ráithe de 2021. Ina theannta sin, chuir an Gailearaí tús le tionscadal chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh i dtaca le Dualgas na hEarnála Poiblí i leith an Chomhionannais agus Chearta an Duine (Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014). Rinneadh measúnú ar cheisteanna a bhain le cearta an

duine agus comhionannas sa Ghailearaí, chomh maith le dul i ngleic le haon ábhar den chineál seo agus rinneadh tuairisciú ina dtaobh. Tugadh cuireadh do gach ball foirne freastal ar oiliúint maidir le Dínit san Ionad Oibre, Ceart chun Dínasctha, Feasacht Ilchultúrachais, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, chun cur lena gcuid eolais agus lena bhforbairt sna réimsí seo.

Oifig um Chomhlíonadh agus Dlí

Tá an Rannóg um Chomhlíonadh agus Dlí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chúrsaí a bhaineann le Dlí, Comhlíonadh agus bainistiú riosca. Chomh maith leis sin, feidhmíonn sé mar Oifig Cosanta Sonraí, Rúnaí an Bhoird agus comhlíonann sé dualgais rúnaíochta eintiteas corparáideach an Ghailearaí in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. I 2021, ceapadh Ceannasaí Dlí agus Riosca, Rúnaí Boird & Oifigeach um Chomhlíonadh chomh maith le Cúntóir um Chomhlíonadh sa Rannóg.

I 2021, dhírigh an rannóg ar na nithe seo a leanas:

- Cumarsáid agus rannpháirtíocht éifeachtach agus leis an mBord a chinntiú
- Ullmhaíodh na chéad taifid um Chomhlíonadh CRA i gcomhair an Ghailearaí agus Cairde, de réir Chód Chleachtais na gCarthanachtaí
- Rinneadh measúnú seachtrach ar éifeachtúlacht an Bhoird, mar chuid d'athbhreithniú bliantúil faoi chreidiúnú um rialachas corparáideach NSAI's SWIFT 3000.
- Comhairle maidir le ceisteanna dlí, cosaint sonraí agus riosca
- Próiseáladh iarratais ar fhaisnéis (Saoráil Faisnéise agus cosaint sonraí)
- Creat bainistíochta riosca an Ghailearaí a choimeád agus feabhas a chur ar thuairisciú riosca

- Creat rialachais Chorporáidigh an Ghailearaí agus taifid chomhlíontachta eile a choimeád.

TF

Lean an Rannóg TF ag cur feabhais ar chianrochtain pleanáilte don fhoireann ar fad a bhí ag obair lasmuigh den Ghailearaí le linn thréimhsí dianghlasála, agus cuireadh tús le hullmhúcháin ionas go mbeadh an Gailearaí réidh chun freastal ar riachtanais um Chreat-Bheartas Oibre Cumaisc don Státseirbhís a tugadh isteach ag tús 2022.

Lean an rannóg ag comhordú le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) agus chuir an clár ‘Build to Share’ feidhmchláir agus seirbhísí breise ar fáil.

Ar deireadh, d’oibrigh an Rannóg le réimsí eile sa Ghailearaí chun córais TF nua a thabhairt isteach i réimsí a bhí ag déileáil leis an bpobal agus a chuir ar a gcumas athoscailt go sábháilte don phobal agus prótacail rianaithe Covid-19 i bhfeidhm do gach cuairteoir agus ball foirne.

Oibríochtaí

Ag tús na bliana, le linn na dtréimhsí a raibh an Gailearaí dúnta don phobal agus a raibh cuid mhaith den fhoireann ag obair ón mbaile de bharr shrianta Covid-19, dhírigh an rannóg Oibríochtaí ar a chinntiú go leanfaí de chúram a dhéanamh den bhailiúchán Náisiúnta agus é a choinneáil slán, sábháilte.

Baineadh leas as an deis chun oibreacha cothabhála a dhéanamh nuair a bhí an Gailearaí dúnta don phobal. Rinneadh uasghrádú ar an gcóras soilsithe sna gailearaithe taispeána sa chéad chuid den bhliain. Cuireadh mionoibreacha eile

ar athló de bharr na treorach nach raibh cead ach oibreacha riachtanacha amháin a dhéanamh.

Bhainistigh an Rannóg bearta maolaithe Covid-19 don fhoireann a bhí ag obair ar an láthair sa chéad chuid den bhliain agus cinntíodh go raibh an Gailearaí Náisiúnta ag comhlíonadh threoracha Covid-19 go hiomlán nuair a athosclaíodh an Gailearaí don phobal i mí na Bealtaine.

De réir a chéile, maolaíodh srianta Covid-19 sa dara cuid den bhliain, agus chuaigh an rannóg oibríochtaí i gcomhairle leis an bhfoireann chun uainchláir nua oibre a ullmhú. Leanadh den idirbheartaíocht seo an chuid eile den bhliain.

Rannóg Tráchtála

Is é ról na Rannóige Tráchtála ná cuidiú le sruthanna ioncaim éagsúla a ghiniúint don Ghailearaí agus iad seo a athinfheistiú i gclár gníomhaíochtaí an Ghailearaí. Ba í 2021 an dara bliain inar dúnadh an Gailearaí de bharr na paindéime agus ina raibh éiginnteacht ag baint léi, agus ní raibh mórán deiseanna ann i gcomhair ghníomhaíocht tráchtála mar gheall gur dúnadh an Gailearaí agus na srianta leanúnacha a bhí ar imeachtaí. Bhí tionchar nach beag aige seo ar ioncam tráchtála.

An Siopa: Athosclaíodh an Gailearaí ar an 17 Bealtaine 2021. Earcaíodh bainisteoir siopa nua sa bhfómhar mar tháinig méadú ar dhíolachán de réir mar a tháinig méadú ar líon na gcuairteoirí.

An Caifé: . Maidir le hathoscailt an chaifé ar an 1 Nollaig 2021, rinneadh cinneadh roinnt ball foirne sa Ghailearaí a athlonnú chun seirbhísí teoranta

caifé a chur ar fáil chun freastal ar na cuairteoirí a bheadh ag súil le seirbhís mar seo, i rith thréimhse eatramhach athoscailte.

Imeachtaí: Idir mí na Bealtaine agus mí na Nollag 2021, ba bhainiseacha na príomh-imeachtaí a bhí ar siúl sa Ghailearaí. Reáchtáladh roinnt an-bheag imeachtaí Comhpháirtithe Corparáideacha agus taispeáint scannán ag deireadh na bliana.

Taispeántais: Rinneadh cinneadh taispeántas *Jack B. Yeats: Painting & Memory* a chur ar athló go dtí tráth ní ba dhéanaí sa bhliain agus cuireadh an taispeántas *New Perspectives: Acquisitions 2011 - 2020* ar siúl ní ba luaithe, rud a chiallaigh gur díoladh i bhfad ní bha mhó ticéid don taispeántas *Jack B Yeats: Painting and Memory*. In ainneoin go raibh íslíú de 40% ar an líon daoine a d'fhéadfaí a ligean isteach ag aon am, de bharr na srianta, baineadh amach an sprioc ó thaobh ioncaim de.

Airgeadas

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as gach idirbheart airgeadais sa Ghailearaí a phróiseáil agus a thaifeadadh i gceart, tuarascálacha airgeadais a ullmhú agus a chur i láthair in am agus córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chur i bhfeidhm agus a choimeád. Tá sé freagrach freisin as córas buiséadaithe bliantúil an Ghailearaí a ullmhú agus a bhainistiú. Próiseáladh 2,802 sonrasc agus rinneadh 2,577 íocaíocht i 2021. Rinneadh 63% de na híocaíochtaí iomlána laistigh de 15 lá, agus rinneadh 26% de na híocaíochtaí laistigh de thréimhse idir 16 agus 30 lá. Rinneadh 10% de na híocaíochtaí i ndiaidh 30 lá, agus bhí dhá íocaíocht díobh sin faoi réir LPI agus costais chúitimh.

Dualgas na hEarnála Poiblí i leith Chomhionannas agus Cearta an Duine – Plean Gníomhaíochta 2022-2023

Tá freagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn, faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí i leith Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas), aird a thabhairt ar an ngá atá le comhionannas a chur chun cinn, leithcheal a chosc agus cosaint a thabhairt do chearta daonna a gcuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse, agus aon duine eile a mbíonn tionchar ag beartais agus pleananna an chomhlacht poiblí orthu. Is oibleagáid dhlíthiúil é seo faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Chomhionannas, 2014.

I dtaca leis seo, tá na príomhthosaíochtaí seo leagtha amach don Ghailearaí i 2022:

- Beartas um chomhionannas, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta (EDI) a thabhairt isteach
- Oifigeach EDI a earcú
- Rochtain níos fearr ar an Suíomh Gréasáin
- Éagsúlacht níos leithne ó thaobh Earcaíochta de
- Comhairliúchán le grúpaí lena mbaineann chun eolas a bhailiú i gcomhair ullmhúcháin an chéad Phlean Straitéiseach eile de chuid an Ghailearaí

Beidh Plean Gníomhaíochta an Ghailearaí i bhfeidhm go dtí go dtiocfaidh deireadh leis an bpleanáil straitéiseach reatha (2023) agus ansin cuirfear san áireamh é mar chuid dár bpróiseas pleanála gnó. Leanfaidh an plean ag forbairt i gcomhréir le feidhmeanna agus gníomhaíochtaí an Ghailearaí, mar is dualgas leanúnach é seo nach mór monatóireacht, athbhreithniú agus forbairt leanúnach a dhéanamh air.

Comhairliúchán leis na grúpaí lena mbaineann chun eolas a bhailiú i gcomhair ullmhú don chéad Phlean Straitéiseach eile de chuid an Ghailearaí.

RÁITIS AIRGID DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2021

Ráiteas ar Rialachas agus Tuairisc Chomhaltaí an Bhoird

Rialachas

Comhlacht reachtúil corparáideach is ea Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (an Gailearaí) a bunaíodh faoi Acht Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, 1854 (Acht 1854). Feidhmíonn an Gailearaí de réir fhorálacha Achtanna Gailearaí Náisiúnta na hÉireann 1854 go 1963 agus Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 (ar a dtugtar, na hAchtanna) agus faoi choimirce na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán (an Roinn).

Is é Bord neamhfheidhmiúcháin Gobharnóirí & Caomhnóirí (an Bord) a bhainistíonn gnó agus gnóthaí an Gailearaí. Tá príomhfheidhmeanna an Bhoird leagtha amach sna hAchtanna agus ina Fhodhlíthe. Tá an Bord freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus déanann sé é seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist ghnó.

Is é an Stiúrthóir atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh an Gailearaí ó lá go lá, le cúnamh ón bhFoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin (ELT). Caithfidh an Stiúrthóir agus an Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin cloí leis an treoir leathan straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an eintiteas, chomh maith le haon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus an bhainistíocht.

Ó 2017, tá creidiúnú ag an nGailearaí faoi chaighdeán SWiFT 3000 de chuid Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI). Baineann Caighdeán SWiFT le Rialachas Corparáideach in Éirinn agus déantar measúnú ina leith faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (leasaithe) (an Cód). Is é an cuspóir atá leis ná an creat rialachais chorparáidigh in eagraíochtaí a mheas, go sonrach, leibhéal comhlíonta na n-eagraíochtaí i leith cóid rialachais agus deachleachtais. Léiríonn an creidiúnú tiomantas an Ghailearaí i leith oibriú de réir na gcaighdeán rialachais chorparáidigh is fearr. I 2021, rinneadh athbhreithniú seachtrach ar éifeachtúlacht an Bhoird mar chuid de phróiseas athbhreithnithe SWiFT agus ar an 17 Samhain, bronnadh creidiúnú SWiFT 3000 ar an nGailearaí le scór iomlán de 3.94/4.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá príomhobair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sna Fodhlíthe. Ghlac an Bord le sceideal foirmiúil d'ábhair, a fhorchoimeádtar go sonrach le haghaidh chinneadh an Bhoird. I measc na bpríomhábhar a fhorchoimeádtar don Bhord, tá:

- faomhadh na saothar faighte, na dtabhartas, na n-iasachtaí agus na dtaispeántas saothar ealaíne
- measúnú agus faomhadh na Tuarascála Bliantúla agus na Ráiteas Airgeadais
- comhlíonadh na ndualgas reachtúil agus neamhreachtúil, ina measc, na Fodhlíthe, an Cód, an Cód Rialachais do Charthanais agus Ciorcláin Rialtais

- faomhadh na bpleananna straitéiseacha, an phlean oibríochta bliantúil agus an bhuiséid bhliantúil
- faomhadh cheapachán, luach saothair, mheasúnú feidhmíochta agus pleanáil do chomharbas an Stiúrthóra
- ceapachán Chathaoirleach an Bhoird agus faomhadh Théarmaí Tagartha na gCoistí Boird go léir
- leasú nó uasdátú na bhfodhlíthe
- faomhadh téarmaí conarthaí móra, tionscadail infheistíochta agus chaipitil, saothar faighte suntasach, diúscairtí, ceadúnas easpórtála (de bhun údarás tarmligthe ón Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997) agus sócmhainní a scor
- córas fóna de rialuithe inmheánacha, ina measc rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus próisis um bainistíocht riosca a choimeád
- faomhadh pholasaí um bainistiú riosca, monatóireacht ar phróisis agus ar chórais um bainistiú riosca an Ghailearaí chun rioscaí seachtracha a aithint, agus monatóireacht agus rialú éifeachtach a chinntiú i leith a leithéid de rioscaí chomh maith le deiseanna a aithint chun tacú le cuspóirí reachtúla an Ghailearaí (tarmligthe chuig an gCoiste Iniúchóireachta, Riosca & Airgeadais, a thuairiscíonn chuig an mBord go rialta)
- faomhadh na straitéise tiomsaithe airgid agus polasaí cistíochta
- údarú chun cuntais bhainc a oscailt agus áiseanna iasachta a fhaomhadh
- athbhreithniú foirmiúil ar a fheidhmíocht féin, ar fheidhmíocht na gcoistí éagsúla agus ar fheidhmíocht chomhaltaí aonair an Bhoird.

Tá na nithe seo a leanas i measc na mbuanábhar a mheasann an Bord:

- dearbhú leasa
- tuarascálacha ó choistí an Bhoird agus ón Stiúrthóir
- airgeadas agus riosca, ina measc, tuarascálacha airgeadais agus cuntais bhainistíochta
- tuarascálacha feidhmíochta
- rialachas corparáideach
- iasachtaí & saothair ealaíne faighte
- ábhair fhorchoimeádta.

Ceanglaítear ar an mBord Gobharnóirí agus Caomhnóirí faoi Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, cuntais a ullmhú do gach bliain airgeadais i gcibé foirm a fhaomhfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Nuair atáthar ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, tá sé de dhualgas ar an mBord:

- polasaithe oiriúnacha cuntasáíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas sa chás go mbeadh sé míchuí glacadh leis go leanfadh sé i mbun gnó
- a lua cibé ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasáíochta is infheidhme, faoi réir aon athrú ábhartha mar a léirítear agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád, a nochtann le cruinneas réasúnach ag aon am, staid airgeadais an Ghailearaí agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Is é an Bord atá freagrach as coimeád agus as sláine na faisnéise airgeadais agus corparáidí ar shuíomh gréasáin an Ghailearaí.

Tá an Bord freagrach as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh plé ar fheidhmíocht an Ghailearaí, de réir an phlean agus an bhuiséid bhliantúil, ag cruinnithe rialta an Bhoird i rith 2021.

Tá an Bord freagrach chomh maith as a chuid sócmhainní a chosaint, agus dá réir sin, tá sé freagrach as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a aimsiú agus a chosc.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Ghailearaí léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Ghailearaí amhail ar an 31 Nollaig 2021.

Struchtúr an Bhoird

Tá suas le seacht gcomhalta dhéag ar an mBord, ceapann an tAire deichniúr díobh seo, is sealbhóirí ex-officio de na hoifigí liostaithe thíos cúigear díobh agus de bhun na cumhachta a bhronntar air le hAcht 1854, ainmníonn agus ceapann an tAcadamh Ibeirneach Ríoga beirt chomhalta. Cuireann comhaltaí a cheapann an tAire téarma cúig bliana isteach. Cuireann comhaltaí ex-officio téarmaí éagsúla isteach ag brath ar bhunreacht a n-eagraíochta ar leith.

Comhaltaí Ex-Officio:

- An tAcadamh Ibeirneach Ríoga (RHA) | Uachtarán
- Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) | Uachtarán agus Leas-Uachtarán
- Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) | Uachtarán
- Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) | Cathaoirleach

Ceapann an Bord a Chathaoirleach agus a Leaschathaoirleach féin de bhun na cumhachta a bronnadh air faoi na hAchtanna.

Comhaltaí Reatha

Tá sonraí maidir le tréimhsí ceapacháin na gcomhaltaí Reatha sa tábla thíos:

Ainmnithe ag an Aire (Tréimhse 5-bliana)

Ainm	Ceaptha	Dáta Deireadh Tréimhse
John O'Doherty	19 Meán Fómhair 2019	18 Meán Fómhair 2024
Mary Keane (Cathaoirleach)	2 Iúil 2014	30 Meitheamh 2024
Dan Flinter	19 Meán Fómhair 2019	18 Meán Fómhair 2024

Ainmnithe ag an Aire (Athcheapacháin)

Ainm	Ceapadh ar dTús	Athcheapachán	Deireadh Tréimhse
Jacqueline Hall	17 Samhain 2016	17 Samhain 2021	16 Samhain 2023
Gary Jermyn	17 Samhain 2016	17 Samhain 2021	16 Samhain 2023
Barney Whelan (Leaschathaoirleach)	17 Samhain 2016	17 Samhain 2021	16 Samhain 2023

Ainmnithe ag RHA (Tréimhse 3 bliana)

Ainm	Ceaptha	Deireadh Tréimhse
Diana Copperwhite RHA	6 Bealtaine 2020	6 Bealtaine 2023
Gary Coyle RHA	1 Eanáir 2022	31 Nollaig 2024

Comhaltaí Ex-officio

Ainm	Ceaptha	Deireadh Tréimhse
Maurice Buckley (Cathaoirleach OPW)	12 Nollaig 2016	Ag leanacht
Abigail O'Brien (Uachtarán RHA)	9 Deireadh Fómhair 2018	Ag leanacht
Mary Canning (Uachtarán RIA)	16 Márta 2020	15 Márta 2023
J Owen Lewis (Uachtarán RDS)	1 Nollaig 2016	1 Nollaig 2022
John Dardis (Leas-Uachtarán RDS)	5 Nollaig 2019	5 Nollaig 2025

Mar atá luaite thuas, rinneadh athbhreithniú seachtrach ar éifeachtúlacht an Bhoird i 2021 mar chuid de phróiseas athbhreithnithe SWiFT agus mar chuid dá ndualgas faoin gCód.

Athruithe ar an mBord

I mí na Samhna 2021, athcheapadh Barney Whelan, Jacqueline Hall agus Gary Jermyn ar feadh tréimhse dhá bhliain eile.

Tháinig deireadh le téarma Una Sealy ar an mBord i mí na Nollag 2021 agus ceapadh Gary Coyle ina háit i mí Eanáir 2022.

Tháinig deireadh le téarma Lynda Carroll, Ann Prendergast agus Lesley Tully ar an mBord ar an 16 de mhí na Samhna 2021 agus dá bhrí sin tá ceithre fholúntas – ainmnithe de chuid an Aire - ar an mBord faoi láthair.

Coistí an Bhoird

Bhí cúig choiste Boird i mbun oibre i 2021, mar a leanas:

An Coiste um Saothar Faighte & Taispeántas

Is é ról an Choiste moltaí a dhéanamh maidir le saothair atá beartaithe a fháil, tabhartais, bronnánais agus ceannach saothair ealaíne chomh maith le moltaí maidir le taispeántais a chur faoi bhráid an Bhoird lena bhfaomhadh.

Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinniú, agus ar bhonn bliantúil freisin. Tá cúigear comhaltaí ar an gCoiste faoi láthair agus tá Cathaoirleach an Bhoird ar dhuine díobh. Freastalaíonn an Stiúrthóir, an Príomh-Choimeádaí agus Ceannasaí na mBailiúchán agus Taighde ar na

cruinnithe go léir. Bhí ocht gcruinniú ag an gCoiste i 2021.

Comhaltaí an Choiste 2021¹: Mary Canning, Gary Jermyn (Cathaoirleach an Choiste), Mary Keane, J Owen Lewis, Abigail O'Brien.

An Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais

Is é ról an Choiste ná tacú leis an mBord le cinntiú go gcomhlíonfaidh sé a chuid feidhmeanna ábhartha reachtúla agus comhairle a thabhairt don Bhord maidir le stóinseacht agus éifeachtúlacht an rialachais chorparáidigh, na bainistíochta airgeadais, na bainistíochta riosca agus na hiniúchóireachta inmheánaí.

Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinniú, agus ar bhonn bliantúil freisin. Tá seachtar comhaltaí ar an gCoiste, Cathaoirleach an Bhoird ar dhuine díobh agus beirt chomhaltaí seachtracha. Freastalaíonn an Stiúrthóir, Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha agus an Ceannasaí Airgeadais & Córais ar na cruinnithe go léir. D'fhreastail Iniúcháirí Inmheánacha an Ghailearaí chomh maith le hIniúcháirí Seachtracha ar chruinnithe ábhartha le linn na bliana. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste i 2021.

Comhaltaí an Choiste 2021²: J Owen Lewis (ceapadh é mar Chathaoirleach an Choiste i mí na Nollag 2021) Maurice Buckley, Lynda Carroll (Cathaoirleach an Choiste go dtí an 16 Samhain 2021), Dan Flinter, Jean Philippe Grigy (comhalta seachtrach), Mary Keane, Ann Prendergast (Comhalta den choiste go dtí 16 Samhain 2021), Kieran Wallace (comhalta seachtrach) agus Barney Whelan.

¹ Ag freastal i rith 2021

² Mar an nóta thuas

An Coiste Forbartha

Is é ról an Choiste ná gach gné d'fhorbairt an Ghailearaí sa todhchaí a chur chun cinn agus a éascú. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinniú. Tá seisear comhaltaí ar an gCoiste faoi láthair, agus tá Cathaoirleach an Bhoird ar dhuine díobh. Freastalaíonn an Stiúrthóir agus Ceannasaí na Rannóige Forbartha ar na cruinnithe go léir. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste i 2021.

Comhaltaí an choiste 2021³: John O'Doherty (ceapadh é mar Chathaoirleach an Choiste i mí na Nollag 2021) John Dardis, Dan Flinter, Mary Keane, Lesley Tully (Cathaoirleach an Choiste go dtí an 16 Samhain 2021).

An Coiste Oideachais agus Rannpháirtíochta Poiblí

Is é ról an Choiste maoirseacht a dhéanamh ar na cúrsaí go léir a bhaineann le hoideachas, cláreagrú poiblí agus rannpháirtíocht phoiblí. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinniú. Tá seachtar comhaltaí ar an gCoiste, tá Cathaoirleach an Bhoird ar dhuine díobh agus beirt chomhaltaí seachtracha. Freastalaíonn an Stiúrthóir agus Ceannasaithe na mBailiúchán agus Taighde, Forbairt Lucht Spéise agus Rannpháirtíochta leis na Páirtithe Leasmhara ar na cruinnithe go léir. Bhí sé chruinniú ag an gCoiste i 2021.

Comhaltaí an Choiste 2021⁴: Martina Byrne (comhalta seachtrach), Mary Canning, Jacqueline Hall (Cathaoirleach an Choiste), James Hanley (comhalta seachtrach), Mary Keane agus Una Sealy.

An Coiste Rialachais agus Straitéise

³ Mar an nóta thuas

⁴ Mar an nóta thuas

Is é ról an Choiste tacú leis an mBord maidir le hábhair a bhaineann le rialachas agus le heagrúchán, monatóireacht a dhéanamh agus comhairle a thabhairt i dtaobh plean straitéiseach an Ghailearaí agus i dtaobh chúrsaí seachtracha reachtacha agus straitéiseacha. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinniú. Tá cúigear comhaltaí ar an gCoiste seo agus tá Cathaoirleach an Bhoird ar dhuine díobh. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste i 2021.

Comhaltaí an Choiste 2021⁵: Lynda Carroll, Mary Keane, J Owen Lewis, Ann Prendergast and Barney Whelan (Cathaoirleach an Choiste). Freastalaíonn an Stiúrthóir agus Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha ar na cruinnithe.

Cruinnithe Boird agus Costais

Bíonn cruinniú ag an mBord sé huaire sa bhliain ar a laghad agus, i 2021, bhí ocht gcruinniú ag an mBord. Bíonn seisiún nach mbíonn Feidhmeannaigh i láthair mar ghnáthmhír ar chlár gach cruinniú Boird.

⁵ Mar an nóta thuas

Comhalta Boird	Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu/Líon cruinnithe ar a bhféadfaí freastal	Costais Íoctha €
Mary Keane (Cathaoirleach)	8/8	-
Maurice Buckley	7/8	-
Mary Canning	7/8	-
Lynda Carroll	7/7	-
Diana Copperwhite	6/8	-
John Dardis	8/8	-
Dan Flinter	7/8	-
Jacqueline Hall	8/8	-
Gary Jermyn	7/8	-
J Owen Lewis	8/8	-
Abigail O'Brien	6/8	-
John O'Doherty	8/8	-
Ann Prendergast	6/7	-
Una Sealy	7/8	-
Lesley Tully	5/7	-
Barney Whelan	7/8	154
		154

Ní íoctar aon táille Boird le comhaltaí an Bhoird.

Tuarastal an Stiúrthóra

Féach Nóta 9 (d) leis na Ráitis Airgeadais.

Sceideal Tinrimh ag Cruinnithe Coistí i 2021

	Saothar Faighte & Taispeántais	Iniúcháireacht, Riosca & Airgeadas	Forbairt	Oideachas & Rannpháirtíocht Phoiblí	Rialachas & Straitéis
Líon Cruinnithe	8	7	6	6	5
Mary Keane (Cathaoirleach)	6/8	6/7	5/6	4/6	3/5
Maurice Buckley		5/7			
Lynda Carroll		5/6			5/5
Jean-Philippe Grigy (seachtrach)		4/6			
Jacqueline Hall				6/6	
James Hanley				4/6	
Gary Jermyn	7/8				
J Owen Lewis	8/8	1/1			4/5
Abigail O'Brien	6/8				
Ann Prendergast		6/6			5/5
Lesley Tully			5/5		
Kieran Wallace (seachtrach)		5/7			
Barney Whelan		6/7		2/3	4/5
Martina Byrne (seachtrach)				5/6	
Una Sealy				5/6	
Mary Canning	5/8			5/6	
Dan Flinter		7/7	6/6		
John Dardis			6/6		
John O'Doherty			6/6		
Diana Copperwhite			5/6		

Nochtuithe atá Riachtanach de réir an Chóid chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Gailearaí riachtanais an Chóid. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Féach Nóta 9 (d) leis na Ráitis Airgeadais.

Costais Chomhairleoireachta

Áirítear costas na comhairle seachtraí don lucht bainistíochta sna costais chomhairleoireachta agus níl feidhmeanna seachfhoinsithe “gnó mar is gnách” san áireamh.

	2021	2020
	€	€
Táillí Dlí	22,234	35,914
Eacnamaíoch/MPF	22,210	30,189
Airgeadas	4,858	18,029
Acmhainní Daonna	4,220	28,331
Oibriúcháin	2,207	4,980
Iomlán	55,729	117,443

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

	2021	2020
Intíre	€	€
- Bord	154	611
- Fostaithe	686	495
- Neamhfhoirne ¹	474	-
Idirnáisiúnta		
- Bord	-	-
- Fostaithe	1,546	3,926
- Neamhfhoirne ¹	-	-
- Cairde GNÉ	-	-
Iomlán	2,860	5,032

¹ Baineann caiteachas Taistil & Cothaithe Neamhfhoirne le costais aoichainteoirí, taisteal intéirneach agus costais sainchomhairleoirí.

	2021	2020
	€	€
Táillí Taistil agus Cothaithe sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais	2,706	4,421
Táillí Taistil agus Cothaithe don Bhord	154	611
Táillí Taistil agus Cothaithe Siopa san áireamh i Nóta 7 (Costais Oibriúcháin)	-	-
Táillí Taistil agus Cothaithe Cairde san áireamh i Nóta 6 (Costais Oibriúcháin)	-	-
Iomlán	2,860	5,032

Caiteachas Fáilteachais

Tá an caiteachas fáilteachais seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais:

	2021	2020
	€	€
Fáilteachas Foirne	555	266
Fáilteachas Cliant	-	-
Iomlán	555	266

Ráiteas um Chomhlíonadh

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon an Gailearaí an Cód ina iomláine i rith 2021.

Thar ceann Ghobharnóirí agus Chaomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann:



Mary Keane

Cathaoirleach

Dáta: 27 Feabhra 2023



Hilary Hough

Comhalta Boird

Dáta: 27 Feabhra 2023

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Scóip na Freagrachta

Thar ceann Bhord Gobharnóirí agus Caomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann (an Bord), admhaím ár bhfreagracht maidir lena chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á chothú agus á oibriú. Tá ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh sa fhreagracht sin.

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal inghlactha, seachas é a dhíothú go hiomlán. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras um rialú inmheánach ach deimhniú réasúnach, nach deimhniú foriomlán é, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifead i gceart agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go pras. Próiseas leanúnach is ea an córas um rialuithe inmheánach agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus a éifeachtúlacht. Bhí an córas um rialú inmheánach, atá de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Ghailearaí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 agus suas go dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Cumas maidir le dul i ngleic le Rioscaí

Tá Coiste Iniúcháireachta, Riosca & Airgeadais (ARF) ag an mBord, ar a bhfuil seachtar comhaltaí, le saineolas maidir le hairgeadas agus iniúcháireacht agus tá Cathaoirleach an Bhoird ar dhuine díobh sin. Tháinig an coiste le chéile sé huaire i 2021. Cuireann an ARF tuarascáil bhliantúil faoina ghníomhaíochtaí ar fáil, a chuirtear faoi bhráid Chomhaltaí an Bhoird.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí curtha amach ar chonradh chuig Deloitte ag an nGailearaí. Tá dóthain acmhainní ar fáil don fheidhm iniúcháireachta inmheánaí agus reáchtáiltear clár oibre a aontaíodh leis an gCoiste ARF.

Ullmhaítear an clár oibre bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe iniúcháireachta inmheánaí a rinneadh roimhe seo; rioscaí an tionscail; clár na rioscaí; agus déantar é a plé agus a chomhaontú leis an gCoiste ARF ansin.

Tá polasaí um bainistiú riosca forbartha ag Coiste ARF, ina leagtar amach inghlacthacht riosca an Ghailearaí, an próiseas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraítear róil agus freagrachtaí na mball foirne maidir le riosca. Tugadh cóip den pholasaí do gach ball foirne, agus táthar ag súil go n-oibreoidh siad de réir na dtéarmaí atá leagtha síos ann agus go gcuirfidh siad an lucht bainistíochta ar an eolas maidir le rioscaí agus laigí a thagann chun cinn agus go nglacfaidh siad freagracht as rioscaí agus as rialuithe ina réimsí féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas um bainistiú riosca curtha i bhfeidhm ag an nGailearaí a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta a ghlactar chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú, an méid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí a bhféadfadh sé go gcaithfeadh an Gailearaí dul i ngleic leo agus rinneadh na rioscaí siúd a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Aithníonn an clár rioscaí cineálacha éagsúla riosca, ina measc, rioscaí straitéiseacha, oibriúcháin, airgeadais agus rioscaí maidir le clú agus cáil na heagraíochta agus na rialuithe reatha agus na bearta breise atá de dhíth chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na rioscaí seo ar an eagraíocht a laghdú, dá dtarlódh a leithéidí. Déanann an Fhoireann Cheannaireachta Feidhmiúcháin athbhreithniú ar an gclár agus déanann Grúpa Oibre um Bainistiú Riosca an Ghailearaí an clár seo a uasdátú ar bhonn leanúnach. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun pleanáil a dhéanamh agus chun acmhainní a chur ar fáil le cinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha. Leagtar amach sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus sonraítear na baill foirne a bhfuil freagrachtaí orthu maidir le feidhmiú na rialuithe ar leith.

Cuireann Deloitte tuarascálacha iniúchta inmheánacha cuimsitheacha ar fáil maidir le réimsí a mbaineann riosca breise leo ach tá sé mar chuspóir foriomlán acu rialuithe a mheas i ngach ceann de phríomhréimsí gníomhaíochta an Ghailearaí thar thréimhse trí bliana. Déantar an plean iniúchta inmheánaigh i dtimthriall trí bliana agus rinneadh gach iniúchadh a bhí sceidealaithe do 2021.

Rinneadh na hathbhreithnithe seo a leanas i 2021; Bainistíocht an Chiste Infheistíochta, Próisis Acmhainní Daonna, Cibearshlándáil ag baint le Cianobair, Seasmhacht Oibriúcháin, Rialuithe Airgeadais Inmheánach. Ullmhaítear tuairiscí de réir chur chuige iniúchta inmheánaigh Deloitte, a thagann leis na caighdeáin atá leagtha síos ag Institiúid Chairte na nIniúcháirí Inmheánacha. Bunaíodh clár rioscaí uasdátaithe agus Plean Oibre Iniúchta Inmheánaigh 2021 ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha.

Tá creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm freisin, lena n-áirítear, deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Go sonrach:

- Tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil ceadaithe, agus déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú air seo go rialta
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- Cuirtear achoimre den chlár rioscaí ar fáil don ARF ar bhonn tréimhsiúil agus déanann an ARF athbhreithniú iomlán air gach bliain
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras um Theicneolaíocht na Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), a chinntiú
- Tá treoirlínte cuí ann maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail
- Cinntíonn an Gailearaí go gcuirtear an bhéim chuí ar dhea-chleachtas ceannacháin agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus don Bhord agus don lucht bainistíochta, nuair is cuí. Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- Aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe bainteacha agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na rialuithe sin chomh maith le haon easnaimh a aimsítear a thuairisciú;
- Tá socruithe maidir le tuairisciú curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta; agus
- Déanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcomparáid leis na buiséid/réamhaisnéisí.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGailearaí chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus treoirlínte reatha maidir le soláthar, plean corparáideach agus plean oibriúcháin soláthair san áireamh, agus deimhním gur chomhlíon an Gailearaí na cleachtais seo i 2021.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGailearaí chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta rialaithe agus bainistíochta riosca. Bunaítear monatóireacht agus athbhreithniú an Ghailearaí maidir le héifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh ar obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, ar obair Choiste ARF a mhaoirsíonn a gcuid oibre agus an lucht ardbhainistíochta an Ghailearaí, atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánach a fhorbairt agus a chothú.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialúchán inmheánach don bhliain 2021.

Trí na próisis atá léirithe thuas, deimhníonn Coiste ARF go bhfuil an Bord sásta le héifeachtúlacht na rialúchán inmheánach atá i bhfeidhm maidir leis an mbliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021, bunaithe ar athbhreithniú a rinne Deloitte i mí na Samhna 2021. Níor aimsíodh aon toradh tábhachtach nó suntasach san athbhreithniú sin.

COVID-19

Ar nós institiúidí agus eagraíochtaí cultúrtha eile ar fud na hÉireann, na hEorpa agus an domhain, bhí ar an nGailearaí a dhoirse a dhúnadh ar feadh 129 lá i 2021. Le linn an ama seo, rinne an Gailearaí gach rud ab fhéidir chun fanacht i ndlúththeagmháil le muintir na hÉireann. Díríodh ar theachtaireachtaí dearfacha na gcuaríteoirí a chur in iúl chomh maith le rannpháirtíocht an lucht

spéise a choinneáil. In ainneoin na srianta a bhain le Covid-19, lean an Gailearaí ag cur clár tarraingteach ar fáil dá lucht spéise go léir. Rinneadh cláir a oiriúnú agus forbraíodh láithreacht dhigiteach a chuir ar chumas an Ghailearaí na ceardlanna spreagúla, *'An Gailearaí Náisiúnta sa Bhaile'* a chur ar fáil. Chomh maith leis sin, méadaíodh acmhainní oideachais, gníomhaíochtaí agus cúrsaí an Ghailearaí. Léirigh cláir shaincheaptha an Ghailearaí an ceangal tábhachtach domhain atá idir Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann agus an Gailearaí.


Choinnigh foireann Freagartha COVID agus Foireann Chomhordaithe Cuairteoirí an Ghailearaí, ar a raibh baill foirne ó na rannóga oibríochtaí, ionadaithe foirne, ó rannóg AD, ón bhfoireann slándála, ón bhfoireann fáiltithe, ón bhfoireann chothabhála, ón bhfoireann chumarsáide, ón bhfoireann tráchtála agus riaracháin, iad féin ar an eolas faoin treo oifigiúil a bhí á uasdátú go rialta. Bhí formhór na foirne oibre ag obair ón mbaile i rith na bliana de réir shrianta an Rialtais. Chinntigh an Gailearaí go raibh na prótacail agus an trealamh ceart ar fáil don fhoireann chun dul i mbun na cianoibre, ag baint úsáide as réitigh TF ní b'fhearr agus aistríodh chuig teicneolaíochtaí ar líne chun cruinnithe a reáchtáil agus chun fanacht i dteagmháil le lucht spéise. Fuarthas cúnamh airgeadais ón Roinn chun an obair seo a dhéanamh.

Spreag fócas ar mhaoiniú inbhuanaithe an Gailearaí chun breathnú chun cinn níos faide ná go díreach na deacrachtaí atá ann faoi láthair, chun a gceangal le comhpháirtithe corparáideacha, leis an Rialtas agus le bronntóirí a chothú agus a fhorbairt. Faoi dheireadh na bliana, bhí thart ar 55% de líon na gcuairteoirí a tháinig chuig an nGailearaí roimh an bpaindéim tar éis filleadh. Ina theannta

sin, rinne Siopa an Ghailearaí trádáil mhaith sa ráithe dheiridh agus chuir Caifé sealadach sa nGailearaí sólaistí ar fáil.

Le linn thréimhse Deich mBliana de Chuimhneacháin Chéad Bliain, léiríodh go soiléir an cuspóir i dtaca leis an mBailiúchán Náisiúnta a fhorbairt, nuair a d'éirigh chomh maith leis an bhfeachtas chun péintéireacht cheannródaíoch Yeats, *Bachelor's Walk, In Memory*, a fháil le cúnamh iontach ón Stát, agus ó dheontóirí príobháideacha. Cuireadh ticéid don taispeántas *Jack B. Yeats: Painting and Memory* ar díol ar an 11 Lúnasa 2021 agus ba é an taispeántas seo buaicphointe thaispeántais an Fhómhair.

Thar ceann Ghobharnóirí agus Chaomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann:



Mary Keane

Cathaoirleach

Dáta: 27 Feabhra 2023

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais



Ard Reachtair Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

National Gallery of Ireland

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the National Gallery of Ireland for the year ended 31 December 2021 as required under section 35 of the National Cultural Institutions Act 1997. The financial statements comprise

- the statement of financial activities
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of changes in reserves and capital account
- the statement of cash flows, and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the National Gallery of Ireland at 31 December 2021 and of its income and expenditure for 2021 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the National Gallery of Ireland and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The National Gallery of Ireland has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, the governance statement and Board members' report, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.


Peter Kinsley
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General

8 March 2023

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021

	Nóta	Cistí Neamhshrianta	Cistí Srianata	2021 Iomlán	Cistí Neamhshrianta	Cistí Srianata	2020 Iomlán
Ioncam		€	€	€	€	€	€
Deontas ón Oireachtas	2	10,423,000	985,572	11,408,572	9,799,000	858,000	10,657,000
Deontas ón Oireachtas-Eile	2a	309,696	1,941,092	2,250,788	1,437,219	113,836	1,551,055
Ioncam Tabhartais		103,561	82,967	186,528	160,024	-	160,024
Ioncam Caifé/Imeachtaí		70,168	-	70,168	57,360	-	57,360
Ioncam ó Thaispeántais		240,393	-	240,393	135,011	-	135,011
Ioncam Oideachais	3	183,152	-	183,152	14,989	-	14,989
Ríchíosanna		25,481	-	25,481	56,021	-	56,021
Ioncam	4	278,610	1,011,297	1,289,907	319,745	168,417	488,162
Urraíochta/Taighde							
Ioncam Ilghnéitheach	5	41,251	3,315	44,566	23,695	5,631	29,326
Tabhartais Sócmhainní	10	-	1,217,065	1,217,065	-	283,053	283,053
Oidhreacht							
Glanioncam ó Chairde GNÉ	6	135,376	-	135,376	-	44,740	44,740
Glanioncam ón Siopa	7	183,103	-	183,103	748	-	748
Ioncam Iomlán		11,993,791	5,241,308	17,235,099	12,003,812	1,473,677	13,477,489
Caiteachas							
Gníomhaíochtaí Carthanais							
Bailiúchán agus Taighde	8b&c	8,277,061	122,857	8,399,918	8,034,988	216,731	8,251,719
Rannpháirtíocht Phoiblí	8b&c	1,766,118	-	1,766,118	1,738,100	-	1,738,100
Oideachas	8b&c	1,154,351	38,064	1,192,415	1,134,569	28,013	1,162,582
Forbairt	8b&c	758,725	-	758,725	737,394	-	737,394
Caiteachas Iomlán	8b&c	11,956,255	160,921	12,117,176	11,645,051	244,744	11,889,795
Barrachas don bhliain roimh Leithreasáí		37,536	5,080,387	5,117,923	358,761	1,228,933	1,587,694
Aistriú (go dtí an)/ ón gCuntas Caipitil	10	125,773	-	125,773	(18,779)	-	(18,779)
Aistriú (go) Cúlchiste	11	(8,124)	(5,134,488)	(5,142,612)	(5,000)	(1,217,927)	(1,222,927)
Sócmhainne Oidhreacht							
Gnóthachan athluachála	13	(516,690)	(135,520)	(652,210)	337,231	50,099	387,330
neamhréadaithe ar infheistíochtaí							
Gnóthachan ar dhiúscairtí infheistíochta	13	1,391,260	340,706	1,731,966	(5,056)	44,953	39,897
Costais choimisiúnaithe MPF		(40,319)	-	(40,319)	(30,189)	-	(30,189)
Barrachas/(caillteanas) don bhliain i ndiaidh Leithreasáí		989,436	151,085	1,140,521	636,968	106,058	743,026


Tá na ráitis ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 28 mar chuid de na Raitis Airgid seo.
Thar ceann Ghobharnóirí agus Chaomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann:



Mary Keane

Cathaoirleach

Dáta: 27 Feabhra 2023



Hilary Hough

Comhalta Boird

Dáta: 27 Feabhra 2023


Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021

	Nóta	Cistí Neamhshrianta	Cistí Srianta	2021	2020 Iomlán
		€	€	€	€
Barrachas /(caillteanas) don bhliain i ndiaidh Leithreasáí		989,436	151,085	1,140,521	743,026
Athluacháil Réadmhaoine	12	-	-	-	(190,000)
Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain		-	-	-	(190,000)
Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain		989,436	151,085	1,140,521	553,026

Tá na ráitis ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 28 mar chuid de na Raitis Airgid seo.

Thar ceann Ghobharnóirí agus Chaomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann:



Mary Keane

Cathaoirleach

Dáta: 27 Feabhra 2023



Hilary Hough

Comhalta Boird

Dáta: 27 Feabhra 2023

Ráiteas ar an Staid Airgeadais

Don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021

	Nóta	2021	2020
Sócmhainní Seasta		€	€
Sócmhainní Oidhreachta ¹	10/11	48,075,396	42,932,784
Réadmhaoín, Gléasra & Trealamh	12	6,711,758	6,948,623
Sócmhainní airgeadais	13	7,702,637	6,595,597
Iomlán na Sócmhainní Seasta		62,489,791	56,477,004
Sócmhainní Reatha			
Fardail	14	383,737	351,970
Infháltais	16	255,821	222,000
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim	15	3,273,414	2,375,267
Iomlán na Sócmhainní Reatha		3,912,972	2,949,237
Dlíteanais Reatha (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Suimeanna Iníoctha	17	1,799,383	1,166,091
Ioncam Iarchurtha - Deontas Rialtais	19	624,780	577,846
Ioncam Iarchurtha - Eile	20	2,414,878	2,275,942
Iomlán na nDlíteanas Reatha		4,839,041	4,019,879
Glandlíteanais Reatha		(926,069)	(1,070,642)
Iomlán na nGlansócmhainní		61,563,722	55,406,362
Ag léiriú			
Cuntas Caipitil	10	765,208	890,981
Cúlchistí Neamhsrianta	21	8,383,409	7,393,973
Cúlchistí srianta	21	4,339,709	4,188,624
Cuntas Caipitil - Sócmhainní Oidhreachta	11/21	48,075,396	42,932,784
Iomlán na gCúlchistí		61,563,722	55,406,362


¹ Tá na Sócmhainní Oidhreachta go léir a fuarthas ón 1 Eanáir 2007 san áireamh sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag an gcostas nó ag an luach a bhí orthu ag dáta an tabhartais.

Tá na ráitis ar Shreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 go dtí 28 mar chuid de na Raitis Airgid seo.

Thar ceann Ghobharnóirí agus Chaomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann:



Mary Keane
Cathaoirleach
Dáta: 27 Feabhra 2023



Hilary Hough
Comhalta Boird
Dáta: 27 Feabhra 2023

Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí agus sa Chuntas Caipitil Don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

	Nóta	Cistí Neamhshrianta		Cistí Srianata		Iomlán
		Cuntas Caipitil	Cúlchistí	Cuntas caipitil – Sócmhainní Oidhreachta	Cúlchistí Srianata Eile	
		€	€	€	€	€
Iarmhéid ar 1 Eanáir 2020		872,202	6,857,005	41,709,857	4,172,566	53,611,630
Barrachas don bhliain i ndiaidh leithreasaí		-	636,968	-	106,058	743,026
Ioncam Cuimsitheach Eile		-	(100,000)	-	(90,000)	(190,000)
Sócmhainní Oidhreachta a ceannaíodh	10/11	-	-	939,874	-	939,874
Sócmhainní Oidhreachta ag an luacháil	10/11	-	-	283,053	-	283,053
Íocaíocht chun Sócmhainní Seasta a fháil	10	279,037	-	-	-	279,037
Amúchadh Sócmhainní Seasta	10	(260,258)	-	-	-	(260,258)
Iarmhéid ar 31 Nollaig 2020		890,981	7,393,973	42,932,784	4,188,624	55,406,362

Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí agus sa Chuntas Caipitil Don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021

	Nóta	Cistí Neamhshrianta		Cistí Srianta		Iomlán
		Cuntas Caipitil	Cúlchistí	Cuntas Caipitil – Sócmhainní Oidhreachta	Cúlchistí Srianta Eile	
		€	€	€	€	€
larmhéid ar an 1 Eanáir 2021		890,981	7,393,973	42,932,784	4,188,624	55,406,362
Barrachas don bhliain i ndiaidh leithreasaí		-	989,436	-	151,085	1,140,521
Ioncam Cuimsitheach Eile		-	-	-	-	-
Sócmhainní Oidhreachta a ceannaíodh	10/11	-	-	3,925,547	-	3,925,547
Sócmhainní Oidhreachta ag an luacháil	10/11	-	-	1,217,065	-	1,217,065
Íocaíocht chun Sócmhainní Seasta a fháil	10	184,056	-	-	-	184,056
Amúchadh Sócmhainní Seasta	10	(309,829)	-	-	-	(309,829)
larmhéid ar 31 Nollaig 2021		765,208	8,383,409	48,075,396	4,339,709	61,563,722

San áireamh sna hiarmhéideanna ar 31 Nollaig
2021:

Luach ar athluachálacha réadmhaoine:

Cistí Neamhshrianta

€

2,630,000

Cistí Srianta

2,950,000

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

Don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig 2021

	2021	2020
	€	€
Glansreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas loncaim thar Chaiteachas	1,140,521	743,026
Dímheas agus lagú sócmhainní seasta	429,721	378,391
Méadú i bhFárdal	(31,767)	9,727
Méadú in Infháiltais	(33,821)	88,643
Méadú i Suimeanna Iníochta	633,292	68,338
Ús Bainc faighte	8	45
Díbhinní faighte	(35,875)	(29,371)
Méadú i nDeontas Rialtais larchurtha	46,934	524,849
Méadú in Ioncam larchurtha - Eile	138,936	(63,128)
Gluaiseacht sa Chuntas Caipitil	(125,773)	18,779
Glansreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	2,162,176	1,739,299
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíochtaí chun réadmhaoine, gléasra agus trealamh a fháil	(192,856)	(327,888)
Diúscairtí réadmhaoine, gléasra agus trealaimh	-	-
Íocaíochtaí chun infheistíochtaí luaite a fháil	(6,282,897)	(2,676,108)
Fáltais ó dhiúscairtí infheistíochtaí luaite	7,152,941	2,333,670
Gluaiseacht iarmhéideanna airgid infheistíochta	(897,328)	320,437
Gnóthachan athluachála neamhréadaithe ar infheistíochtaí	652,210	(387,330)
Gnóthachan ar dhiúscairtí infheistíochta	(1,731,966)	(39,897)
Glansreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	(1,299,896)	(777,116)
Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin		
Ús bainc faighte	(8)	(45)
Díbhinní faighte	35,875	29,371
Glansreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin	35,867	29,326
Glanmhéadú in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim	898,147	991,509
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim ar an 1 Eanáir	2,375,267	1,383,758
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim ar an 31 Nollaig	3,273,414	2,375,267

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta arna nglacadh ag an nGailearaí leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe sin.

(a) Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Gailearaí faoi Acht Parlaiminte sa bhliain 1854 agus osclaíodh don phobal é sa bhliain 1864 i gCearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Ghailearaí mar atá leagtha amach i gCuid VI den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997:

60. – (1) beidh sé mar fheidhm ag na Gobharnóirí agus ag na Caomhnóirí –

- (a) eolas ar na hamharc-ealaíona a mhéadú agus a scaipeadh taobh istigh nó taobh amuigh den Stát trí cibé modh a mheasann siad a bheith oiriúnach,
- (b) talamh nó leas i dtalamh a dhiúscairt faoi réir thoiliú an Aire agus aon mhaoín eile a dhiúscairt (seachas réada cultúrtha i mbailiúchán an Ghailearaí Náisiúnta), agus
- (c) a bheith rannpháirteach ina leithéid de ghníomhaíochtaí chun críche cistí a chruinniú don Ghailearaí Náisiúnta de réir mar a mheasann siad a bheith cuí.

(2) Tá na feidhmeanna thuasluaite sa bhreis ar aon fheidhmeanna a bronnadh ar na Gobharnóirí agus ar na Caomhnóirí leis na hAchtanna um Dhánlann Náisiúnta na hÉireann 1854 go 1963, agus ní ina n-ionad.

Eintiteas Leasa Phoiblí is ea an Gailearaí.

(b) Ráiteas um Chomhlíonadh

Ullmhaítear ráitis airgeadais Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhmithe sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC), mar atá leagtha amach ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

(c) Bunús an Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil ach amháin roinnt sócmhainní agus dliteanas a thomhaistear ag luachanna córa mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá faofa ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta Spóirt agus na Meán le comhthoiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Tá Comhaontú Seachadta Feidhmíochta agus Comhaontú Maoirseachta idir an Gailearaí Náisiúnta agus an Roinn i bhfeidhm anois. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta le linn a bheith ag plé le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais.

(d) Formáid na Ráiteas Airgeadais

Tá formáid na ráiteas airgeadais seo faofa ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta Spóirt agus na Meán agus mar chuid díobh tá *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, Ráiteas ar an Staid Airgeadais, Ráiteas ar Athruithe ar Chúlchistí agus ar an gCuntas Caipitil, Ráiteas Sreafaí Airgid* agus nótaí bainteacha. Is comhdhlúthú de na gníomhaíochtaí go léir de chuid an Ghailearaí iad na ráitis airgeadais, mar a leanas:-

Cuntais Ioncaim Iarchurtha (Nótaí 20 & 21)

Ciste Scoláireachta John Barry/Petronella Brown	Bunaíodh an ciste seo i 1988 le Scoláireacht a chur ar fáil chun taighde oideachais a chur chun cinn agus a spreagadh.
Comhairle Dargan	Bunaíodh Comhairle Dargan i 2005 chun maoiniú a bhailiú le mórshaothair ealaíne a rachadh chun sochair do Bhailiúchán an Ghailearaí, a cheannach.
Ciste Comhaltachta	Cuireadh an ciste seo ar bun trí ghníomhas i 1986 (agus arna leasú i 2005) chun ioncam a ghineadh chun Comhaltachtaí a chur ar fáil i réimsí taighde, caomhnaithe, péintéireachta, dealbhóireachta agus do chuspóirí acadúla eile.
Ciste Lane	Bunaíodh an ciste seo i 1918 nuair a d'fhág Sir Hugh Lane cuid dá eastát ag an nGailearaí, go sonrach, chun pictiúir Éireannacha a cheannach.
Ciste Sciathán na Mílaoise	Bunaíodh an ciste seo chun taifead a dhéanamh ar thabhartais ó bhronntóirí príobháideacha chun cabhrú le Sciathán Mílaoise an Ghailearaí a thógáil agus leis an gcostas a bhain leis an obair sin.

Cuntais Chúlchiste (Nóta 22)

Ciste Shaw	Bunaíodh an ciste seo i 1950 nuair a bhásaigh George Bernard Shaw, a d'fhág ina uacht aon trian d'ioncam iarmharach a eastáit ag an nGailearaí le húsáid faoi lánrogha an Bhoird Gobharnóirí agus Caomhnóirí (An Bord). Tháinig deireadh le ríchíosanna Chiste Shaw i 2020.
Siopa an Ghailearaí Náisiúnta	Bunaíodh an siopa ar dtús faoi lontaobhas Magawley Banon chun macasamhlacha agus catalóga do shaothair ealaíne sa bhailiúchán a mhaoiniú.
Cuntas Féinacmhainní	Déanann an cuntas seo na hidirbhearta go léir a thaifead maidir le hairgead a tugadh don Ghailearaí chomh maith le hioncam tráchtála a fhaightear ó urraíochtaí, gníomhaíochtaí oideachais, ioncam ó cheadúnas bialainne agus fruiliú áiseanna an Ghailearaí. Déantar taifead sa chuntas seo freisin ar ioncam agus ar chaiteachas a bhaineann le Taispeántais.

Eintitis dhlíthiúla is ea iad seo a leanas, atá neamhspleách ar an nGailearaí, agus atá faoi theorainn ráthaíochta (Nóta 6):

Cairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann	Bunaíodh an chuideachta seo, atá faoi theorainn ráthaíochta, i 1986 chun tacú le gníomhaíochtaí an Ghailearaí trí bhallraíocht a earcú, chun léirthuiscint ar phéintéireacht, ar dhealbhóireacht agus ar ailtireacht a spreagadh.
Cairde Idirnáisiúnta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann	Is carthanas cláraithe sa Ríocht Aontaithe an chuideachta seo atá faoi theorainn ráthaíochta agus a bunaíodh chun cistí a chruinniú chun Sciathán na Mílaoise a thógáil agus tá cistí tugtha aige freisin chun pictiúir de bhunús agus de ré áirithe a fháil.

(e) Formáid do Charthanais

Carthanas cláraithe is ea an Gailearaí (CHY2345). De réir an chleachtais atá molta do charthanais, tá anailís déanta ar ioncam agus ar chaiteachas an Ghailearaí chun a n-infhaighteacht don Bhord a léiriú mar a leanas:

- Cistí Srianata: Ní féidir leis an nGailearaí na cistí seo a chaitheamh ach do na cúiseanna ar leith ar ar tugadh iad.
- Cistí Neamhshrianata: Tá na cistí seo ar fáil don Ghailearaí le feidhmiú chun críocha ginearálta an Ghailearaí mar atá leagtha amach sa reachtaíocht faoinar bunaíodh é.

(f) Cuntas Caipitil

Aistrítear deontais Stáit chun sócmhainní seasta a cheannach sa Chuntas Caipitil sa bhliain ina ndéantar an caiteachas agus léirítear iad sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais* thar shaolré úsáideach na sócmhainní bainteacha. Léiríonn an Cuntas Caipitil na cistí gan amúchadh a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

(g) Ioncam

I measc an ioncaim a dtugtar cuntas air ar bhunús fáltais airgid tirim, tá:

- Deontais Oireachtais
- Ioncam ó Thabhartais
- Ioncam ó Dhíbhinní
- Ioncam ó Dheontais Rialtais/Urraíocht/Taighde/Ioncam Oideachais

Aithnítear Deontais Rialtais agus ioncam urraíochta a fuarthas do chuspóirí ar leith sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais chun go dtiocfaidís leis an gcaiteachas lena bhfuil siad deonaithe. Áirítear méideanna nach bhfuil caite ag dáta an Ráitis ar Staid Airgeadais in Ioncam Iarchurtha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Aithnítear ioncam urraíochta a fuarthas chun críocha neamhshonracha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn fáltais airgid tirim.

Tá siad seo a leanas san áireamh san ioncam a aithnítear ar bhonn fabhraithe:

- Ioncam ón gCaifé/Imeachtaí
- Ioncam ó Thaispeántais
- Ríchíosanna
- Ioncam Eile
- Glanioncam ó Chairde GNÉ
- Glanioncam ón Siopa

Ioncam ó Ús

Aithnítear ioncam ó ús ar bhonn fabhraithe ar bhunús ghlanráta úis.

Tabhartais - Sócmhainní Oidhreacht

Deimhníonn coimeádaithe an Ghailearaí, ar saineolaithe aitheanta iad ina réimse oibre, luacháil na bpictiúr a fhaightear trí thiomnacht, mar bhronntanas nó ar shlí ar bith eile seachas iad a cheannach. Is éard atá i gceist leis an bpríomh-mhodh luachála, ná anailís a dhéanamh ar luachanna margaidh saothar inchomparáide, mar aon le measúnú teicniúil mionsonraithe ar riocht fisiceach an phictiúir chun luacháil réasúnta a dhéanamh. Mar sin féin, táthar teoranta go bunúsach maidir le luacháil a dhéanamh ar shaothair a fhaigheann an Gailearaí, mar gheall ar gur saothair uathúla ealaíne iad, de ghnáth, agus gur ar éigean a bhíonn aon mhargadh inchomparáide ann dá leithéid.

(h) Infháltais

Aithnítear infháltais ar phraghas an idirbhirt, lúide foráil d'fhiachas amhrasach. Aithnítear na gluaiseachtaí go léir san fhoráil d'fhiachas amhrasach sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*.

(i) Aithint Caiteachais

Aithnítear an caiteachas go léir sa tréimhse lena mbaineann sé agus áirítear aon chaiteachas dá leithéid a tabhaíodh ach atá neamhíoctha ag dáta an Ráitis ar Staid an Airgeadais i *Suimeanna Iníoctha*.

(j) Sócmhainní Oidhreachta

Is éard atá i mbailiúchán Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann ná pictiúir, dealbha, saothair ar pháipéar, mionsamhlacha, leabhair, cartlanna agus ealaín fheidhmeach, go príomha, gréithe airgid, gloine dhaite agus troscán, agus tá siad ar fad san áireamh sna Sócmhainní Oidhreachta.

De réir FRS 102, déantar saothair ealaíne a fuair an Gailearaí nó a bronnadh ar an nGailearaí a chaipitliú agus a aithint sa *Ráiteas ar an Staid Airgeadais* ag a gcostas nó ag a luach ar an dáta a fuarthas iad, sa chás go bhfuil costas nó luach den sórt sin ar fáil go réasúnach.

Cuirtear saothair leis an mbailiúchán trí cheannach, tiomnacht, bronntanas na sócmhainne agus/nó ceannaítear sócmhainní le maoiniú ó thabhartais.

Túsaithe

Déantar taifead ar nithe a cheannaítear a áireamh ag a gcostas sna Ráitis Airgeadais. Déantar taifead ar earraí a tugadh (tabhartais) don Ghailearaí ag luacháil reatha atá deimhnithe ag coimeádaithe an Ghailearaí trí thagairt, más féidir, do mhargaí tráchtála bunaithe ar fhaisnéis maidir le luacháil idirbheart ó cheantanna a bhí ann le déanaí. Déantar taifead ar thabhartais, sa chás go mbaineann Gailearaí Náisiúnta na hÉireann leas as Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, ar bhunús luacháil de chuid Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Aithnítear tabhartais mar ioncam agus déantar é a chur san áireamh sa chuntas caipitil Sócmhainní Seasta Oidhreachta.

Luacháil

Tá Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann den tuairim go bhfuil an bailiúchán neamhghnách mar shócmhainn ar a lán slite. Tá sé uathúil, leochaileach, an-luachmhar go deo agus ní féidir a leithéid a fháil. Dá bharr sin, is sócmhainn é atá deacair a luacháil i slí a dtuigfeadh léitheoirí ráitis airgeadais é.

Fiú, dá mbeifí in ann luachálacha a fháil ar roinnt de na saothair ealaíne sa bhailiúchán, measann an Bord nárbh fhiú an costas a bhainfeadh le luacháil den chineál sin a dhéanamh, de bhrí nach mbeadh aon tairbhe ann do léitheoir na ráiteas airgeadais cuid den bhailiúchán a chur san áireamh sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Mar thoradh air sin, níl aon luach curtha san áireamh sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais do Shócmhainní Oidhreachta a

fuarthas roimh 2007, an uair a dearnadh saothair a cuireadh leis an mbailiúchán a chaipitliú ar dtús.

Déantar caipitliú páirteach ar Shócmhainní Oidhreachta ar bhunús an dáta a bhfuarthas an saothar mar thoradh ar an riachtanas a éilítear faoi FRS 102, alt 34.

Lagú

Ní dhéantar Sócmhainní Oidhreachta a dhímheas. Má tá fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú ar luach Sócmhainne Oidhreachta, aithnítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúltacaí Ioncaim Coinnithe sa bhliain ar leith. D'fhéadfadh Sócmhainn Oidhreachta a bheith lagaithe, mar shampla, sa chás go dtiocfadh meath fisiceach uirthi, go mbeadh sí briste nó go dtiocfadh amhras chun cinn maidir lena barántúlacht.

Costais Chaomhnaithe

Aithnítear caiteachas atá ag teastáil chun míreanna aonair de chuid an bhailiúcháin a chaomhnú nó chun níos mó meatha a chosc, chomh maith leis na costais a bhaineann leis an mbailiúchán a bhainistiú, sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais ag an am a dtabhaítear iad.

Is féidir breis eolais maidir le cineál agus scála bhailiúcháin an Ghailearaí a fháil i Nóta 12.

(k) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Seachas mar atá thíos, tá réadmhaoin, gléasra agus trealamh luaite ag a gcostas nó ag a luacháil, lúide dímheas carntha. Tá an muirear dímheasa ríofa chun an bunchostas nó an luacháil a dhíscríobh, lúide an luach measta iarmharach, thar saolré ionchasach úsáideach mar a leanas:

Talamh & Foirgnimh	-	Nil
Troscán & Feistis	-	10% Líne dhíreach
Trealamh & Mótarfheithiclí	-	20% Líne dhíreach

Cuirtear dímheas de bhliain iomlán i bhfeidhm sa bhliain a bhfaightear an saothar agus ní chuirtear dímheas i bhfeidhm i mbliain na diúscartha nó ar Shócmhainní faoi Fhorbairt. Ní dhéantar sócmhainní faoi luach €1,000 a chaipitliú agus déantar iad a mhuirearú ar an *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*.

Tá formhór na bhfoirgneamh atá á n-úsáid ag an nGailearaí i seilbh agus á gcothabháil ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus dá réir sin, aithnítear na foirgnimh sin i ráitis airgeadais Oifig na nOibreacha Poiblí.

Tá dhá réadmhaoín faoi úinéireacht an Ghailearaí – Uimh. 90 Cearnóg Mhuirfean agus Uimh. 5 Sráid Laighean Theas. Aithnítear iad sin sna ráitis airgeadais ag úsáid na samhla athluachála. Déantar athluachálacha ar bhonn bliantúil chun a chinntiú nach mbíonn difear suntasach idir an tsuim ghlánluacha agus an tsuim a chinnfí ag úsáid luach cothrom ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

Má mhéadaítear glánluach na sócmhainne mar thoradh ar athluacháil, aithnítear an méadú sa *Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach*. Má laghdaítear an méid glánluacha mar thoradh ar athluacháil, aithnítear é sa *Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach* sa mhéid go n-aisiompáíonn sé méadú athluachála na sócmhainne agus cuirtear aon chomhardú san áireamh sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*.

Tá cosc ar an mBord aon Sócmhainní Oidhreacht a dhiúscairt. Sa mhír seo, ní thagraíonn diúscairt sócmhainní seasta ach do Shócmhainní neamh-Oidhreacht. Áirítear le diúscairtí: díolachán, iasachtaí fadtéarmacha, tabhartas in aisce, traipisiú agus tabhartas d’eagraíocht charthanachta. Féadfaidh an Bord a shonrú gur cheart don Bhord aon diúscairt os cionn tairseach cheadaithe a fhormhuiniú go foirmiúil agus féadfaidh sé srianta sonracha a fhorchur maidir le haon diúscairt den chineál sin. Is é an polasaí atá i bhfeidhm ná cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus sócmhainní á ndiúscairt, i gcás go bhfuil na sócmhainní sin sa bhreis ar riachtanais ghinearálta. Ba cheart go ndéanfaí na sócmhainní a dhiúscairt ar

ceant nó le próiseas iomaíoch tairisceana, seachas i gcás imthoscaí eisceachtúla (amhail díolachán le comhlacht carthanachta). Ba cheart go mbeadh an modh a d'úsáidfí trédhearcach agus ba cheart gur dócha go mbainfeadh sé luach cothrom an mhargaidh amach. Ba cheart luach cúlchiste na sócmhainne atáthar a dhiúscairt a shocrú, más gá agus más indéanta, bunaithe ar luacháil ghairmiúil. Ba cheart sonraí gach diúscartha nó gach ceadaithe ar rochtain ar réadmhaoín nó ar bhonneagar chun críocha socruithe tráchtála le tríú páirtithe (seachas tríú páirtithe gaolmhara) faoi bhun €150,000, nach raibh ceant nó próiseas iomaíoch tairisceana i gceist, a thuairisciú go foirmeálta don Bhord gach bliain, agus an praghas a íocadh mar aon le hainm an cheannaitheora a chur san áireamh.

Ní dhímheasann an Gailearaí a chuid foirgneamh mar tá polasaí cothabhála agus deisithe rialta aige agus mar sin, coimeádtar na foirgnimh ag an gcaighdeán feidhmíochta a measúnaíodh roimhe sin.

(I) Sócmhainní Airgeadais

Tá roinnt cistí ag an nGailearaí a bhaineann le méideanna a fágadh le huacht agus a bronnadh ar an nGailearaí chun críocha ar leith. Bainistíonn bainisteoirí seachtracha na cistí seo agus áirítear iad sa *Ráiteas ar an Staid Airgeadais* ag luach an mhargaidh. Déantar na cistí a luacháil ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe agus aithnítear na hathruithe i luach na gcistí bainistithe, de bharr athruithe ar luach an mhargaidh, sa *Ráiteas Ioncaim*

agus Caiteachais mar ghnóthachain nó caillteanais neamhréadaithe.

Aithnítear aon ghnóthachain nó caillteanais a bhaineann le hinfheistíochtaí á ndíúscairt sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*.

(m) Fardal

Tá earraí le hathdhíol i Siopa an Ghailearaí san áireamh san fhardal agus déantar iad a luacháil ag an gcostas nó ag an nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú. Tá foráil iomlán déanta do rudaí atá as feidhm agus rudaí nach bhfuil mórán díol orthu.

(n) Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag na rátaí malairte ag dáta an Ráitis ar an Staid Airgeadais. Aithnítear na difríochtaí aistrithe a bhíonn mar thoradh air sin sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*. Aistrítear idirbhearta ainmnithe in airgeadraí eachtracha a dhéantar i rith na bliana ag na rátaí malairte ag dáta an idirbhirt. Tá cuntas ar na difríochtaí malairte atá mar thoradh air sin sa *Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais*.

(o) Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, ar nós, pá laethanta saoire mar chostas sa bhliain agus áirítear sochair atá fabhráithe ag deireadh na bliana i bhfigiúr na Suimeanna Iníoctha sa *Ráiteas ar an Staid Airgeadais*.

Sochair Scoir

Tá na scéimeanna pinsin seo a leanas ag an nGailearaí:

Tá an *pinsean le sochar sainithe* iníoctha le státseirbhísigh bhunaithe agus le fostaithe stáit neamhbhunaithe sa Ghailearaí, agus glacann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an dliteanas ina leith seo. Cuirtear na ranníocaíochtaí pinsin a asbhaintear ó fhostaithe chuig an Roinn.

Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ('Scéim Aonair'), seo scéim le sochar sainithe do na fostaithe inphinsin sa tseirbhís poiblí arna gceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Cuntais Choigiltis Scoir Pearsanta (PRSA), is soláthraí údaraithe PRSA atá i mbun na scéime seo. Déanann an Gailearaí ranníocaíocht suas le 7% leis an scéim agus cuirtear an dá ranníocaíocht go díreach chuig soláthraí an PRSA ar bhonn míosúil.

(p) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla

In ullmhú na ráiteas airgeadais, éilítear ar an lucht bainistíochta buntuisctint, breithiúnais, agus meastacháin a dhéanamh a bhfuil éifeacht acu ar na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais ar dháta an

Ráitis ar an Staid Airgeadais agus ar na méideanna a thuairiscítear d'ioncam agus caiteachas le linn na bliana. Mar sin féin, de bharr an chineál meastacháin atá i gceist d'fhéadfadh sé go mbeadh na fiorthorthaí difriúil ó na meastacháin sin. Níl aon bhreithiúnais déanta ag an nGailearaí a bhfuil éifeacht shuntasach acu ar mhéideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinneadh athbhreithniú ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha bainteach leis na haicmí sócmhainní seasta go léir, go háirithe saolré úsáideach eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas. Ba é tátal an athbhreithnithe go bhfuil saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha cuí.

Gnóthas Leantach

Dhún an Gailearaí ar feadh tréimhsí fada i 2021 de bharr phaindéim COVID-19 agus thit líon na gcuariteoirí dá réir. Bhí tionchar suntasach aige seo ar fhoinsí ioncaim chriticiúla mar iontrálacha chuig taispeántais le ticéid, caifé, siopa agus boscaí síntiús. Bhí tionchar freisin ag an gcúlú eacnamaíochta ar an tacaíocht chorparáideach i bhfoirm bhallraíochta agus imeachtaí.

Chuir an Gailearaí bearta i gcrích chun dul i ngleic leis seo ar mhaithe le sruthanna ioncaim nua a aimsiú agus chun gníomhaíochtaí agus tionscadail, clár taispeántais ina measc, a laghdú agus a athphleanáil chun a chinntiú go mbeadh dóthain airgid aige chun íoc as an gclár leasaithe. I 2021, fuair an Gailearaí cúnamh breise ón Rialtas i bhfoirm thacaíochtaí agus bearta oibriúcháin chun timpeallacht shábháilte a chur ar fáil do chuairteoirí agus don fhoireann nuair a athosclaíodh gailearaithe. Chinntigh sé seo ar fad gur bhain an Gailearaí cóimheá airgid amach don bhliain 2021. Cuireadh in iúl don Ghailearaí go bhfuil méadú tagtha ar leithdháileadh ón Státchiste do 2022. Dá bharr seo, tá an Bord sásta gur féidir leis an nGailearaí leanúint ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.

2. Deontas Oireachtais¹ - faighte ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán

	Cistí Neamhshrianta €	Cistí Srianta €	2021 €	2020 Iomlán €
Reatha - Ranníocaíocht do Chostas Riaracháin	10,423,000		10,423,000	9,799,000
Caipiteal - Ranníocaíocht d'Athchóiriú, Caomhnú agus Leabharlann	-	985,572	985,572	857,000
Reatha- Ranníocaíocht le Comhbhráithreachas na nÍósánach	-	-	-	1,000
Scaoileadh deontais iarchurtha le haghaidh Caomhnaithe, Leabharlainne & Comhbhráithreachas na nÍósánach	-	-	-	-
	10,423,000	985,572	11,408,572	10,657,000

¹ Deontas Oireachtais (Vóta 33 Fo-cheannteideal A.13) is ea deontas bliantúil an Ghailearaí do chaiteachas reatha agus caipitil. Baineann caiteachas reatha le pá, costais oibriúcháin agus caiteachas cláir. Baineann costais chaipitil leis an gcaiteachas ar an tionscadal athchóirithe, caomhnú agus leabhair leabharlainne.

2a. Deontas Oireachtais – Eile - faighte ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán & Na Coimisineirí Ioncaim

	Cistí Neamhshrianta	Cistí Srianta	2021 Iomlán	2020 Iomlán
	€	€	€	€
Reatha - Ranníocaíocht do chostais COVID ¹	-	-	-	300,000
Reatha - Ranníocaíocht do chostas an Taispeántais Mondrian ¹	98,685	-	98,685	276,315
Reatha- Ranníocaíocht do chostais Riaracháin ²	-	-	-	636,001
Reatha- TWSS & EWSS	122,993	-	122,993	98,936
Caipiteal - Ranníocaíocht chun Sócmhainní Oidhreacht a fháil ¹	-	1,941,092	1,941,092	113,836
Seimineár CNCI	-	-	-	12,019
